


GRAIMEAR GAEDHILGE.

EAMONN Ó DONNCHADHA.



Flacra. 3/6.



Micéal Ó Dúibín.

12
D


leabhar beag-rarba

Seand

Proinséis MacCanna

Bealrann

1931



GRAIMÉAR GAEDHILGE,

Cuid I.

Oirléigheamh agus Forus Focal.

ÉAMONN Ó DONNCHADHA,

Léachtúí san NuaGhaedhilg, Coláiste Ollscoile, Corcaigh,
do chuir le chéile.



BRUN AGUS Ó NÓLAIN, TEOR,
I mBaile Átha Cliath; I mBéal Feirste; I gCorcaigh;
I bPortláirge.

1923.

RÉMHRÁDH.


Is chun rialacha coitianta an Ghraiméir do mhúine tríd an nGaedhilg a cuireadh an leabhar beag so le chéile. Níl ann acht Oirléigheamh agus Forus Focal. Má ritheann leis seo, ámh, cuirfar tuille i gclo. An Téarmuiocht atá ann isé a bhionn dá úsáid sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh. Do fuarthas urmhór na dtéarmaí san Liosta a chuir Connradh na Gaedhilge amach, agus i nGraiméar Dhétheangthach Thaidhg Uí Choindealbháin.

Do bhí ar aigne agam an leabhar so do chur sa Chló Ghaelach, toisc an dúil a bheith sa chló san d'obair Ghaedhilge. Acht theastuigh mórchuid saghsanna cló uaim; rud nár bh'fhéidir a fhagháil acht amháin sa chló Rómhánach. Agus ósé sin a bfheárr d'oir dam isé a thairngíos chugham. Mar sin, tá atharrach cló ar na ballaibh táchtacha, agus sin rud a dhéanfaidh áis don mhúinteór is don scoláire.

Ní gádh baint, ar an gcéad léigheamh, lesna tuairisci ar stair na Teangan atá sa mhionchló. Cuireadh an mac léighinn eólus ar an dTeangain féin ar dtúis; is annsan is tairbhthe dhó eólus do chur ar a stair.

Do ghabhas urmhór de sholáthar an leabhair seo i bhfuirm "nótaí" ó Thorna, agus táim baodhach dhe as ucht a cheadú dham feidhm a bhaint asta.

E. Ó D.



CLÁR EÓLAIS.

(Uimhir an Leathanaigh leis)

Ranna Graiméir	...	...	...	...	...	1
Oirléigheamh	...	...	...	...	...	1
An Aibghitir	...	...	...	...	...	1
Gutaí agus consoiní	...	...	...	...	...	1
Défhoghracha is Tréfhoghracha	...	...	...	...	...	2
Consoiní	...	...	...	...	...	3
Séimhiú	...	...	...	...	...	3
Urdhubha	...	...	...	...	...	4
Táibhle na gConsoiní	...	...	...	...	...	5
Dífhoghrú Consoiní	...	...	...	...	...	6
Análú Gutaí	...	...	...	...	...	6
Aiceann	...	...	...	...	...	8
Cuimriú	...	...	...	...	...	9
Forus Focal	...	...	...	...	...	10
An Ainm	...	...	...	...	...	11
Díochlaonadh:						
An chéad Díochlaona	...	...	...	...	...	15
An Dara Díochlaona	...	...	...	...	...	18
An Tríú Díochlaona	...	...	...	...	...	21
An Ceathrú Díochlaona	...	...	...	...	...	23
An Cúigiú Díochlaona	...	...	...	...	...	24
Díochlaona Neamhrialta	...	...	...	...	...	26
Díochlaona an Ailt agus an Ainme	...	...	...	...	...	26
Aidiacht:	...	...	...	...	...	27
Alt agus Ainm agus Aidiacht	...	...	...	...	...	30
Coindealg	...	...	...	...	...	31
Aidiacht Uimhreach	...	...	...	...	...	33
Aidiacht Shealbhach	...	...	...	...	...	34
Aidiacht Tespeántach, &c.	...	...	...	...	...	36

CLÁR EÓLAIS.

Forainm :

Forainm Pearsanta	...	...	...	...	37
Forainm Réimhfhoclach	...	...	...	...	38
Forainm Gaolmhar, &c.	...	...	...	...	39
An Briathar :	...	...	...	...	40
Réimniú	...	...	...	...	41
Deilbh an Réimniúcháin	...	...	...	...	53
Ainm Briathra	...	...	...	...	58
Foirbhteach Comhshuíte	...	...	...	...	59
Fáistineach -o-	...	...	...	...	60
Briathra Neamhrialta :					
I. An Chopuil, Is	...	...	...	...	63
II. Táim	...	...	...	...	65
III. Beirim	...	...	...	...	69
IV. Tabhair	...	...	...	...	69
V. Abair	...	...	...	...	71
VI. Gabhaim	...	...	...	...	74
VII. Gheibhim	...	...	...	...	74
VIII. Deinim	...	...	...	...	76
IX. Chím	...	...	...	...	77
X. Cloisim	...	...	...	...	79
XI. Tigim (Tagaim)	...	...	...	...	80
XII. Téighim	...	...	...	...	81
XIII. Ithim	...	...	...	...	83
XIV. Ríghim	...	...	...	...	84
XV. Marbhaim	...	...	...	...	84
Briathra Easnaimh	...	...	...	...	85
Dobhriathar	...	...	...	...	86
Réimhfhocal	...	...	...	...	89
Comhnasc	...	...	...	...	90
Uaillbhreas	...	...	...	...	90

CLÁR NOD.

A.Br.	:	Ainm Briathra	M.Gh.	:	MeánGhaedhilg
Aid.	:	Aidiacht	N.Gh.	:	NuaGhaedhilg
Ain.	:	Ainm	R.Gh.	:	RémhGhaedhilg
Ainm.	:	Ainmneach			(Gaedhilg ba shine
B.	:	Baininscne			'ná an tSean
Br.	:	Briathar, briathra			Ghaedhilg.)
Breat.	:	Breatnais	S.Gh.	:	SeanGhaedhilg
cm.	:	cóimneas	Spl.	:	Spleách
Diúlt.	:	Diúltach	Tabh.	:	Tabhrthach
F.	:	Firinscne	Tuis.	:	Tuiseal
Fáist.	:	Fáistineach	Uath.	:	Uathadh, -aidh
Fiafr.	:	Fiafraighteach	Uimh.	:	Uimhir
Foirbh.	:	Foirbhtheach	1	:	An Chéad Phearsa
Fosh.	:	Foshuifteach	2	:	An Dara Pearsa
Gairm.	:	Gairmeach	3	:	An Trímhú Pearsa
Gear.	:	Gearánach	>	:	do dhein de
Gearm.	:	Gearmáinis	<	:	do theacht ó
Glein.	:	Geiniúnach	+	:	plus
Got.	:	Gotais	=	:	is ionann is
Iol.	:	Iolradh, -aidh	✓	:	préamh
L., Laid.	:	Laidean	*	:	Seanfhuirm is dóichí
Láith.	:	Láithreach			do bheith ann cé ná fuil fiadhnaisé
					cairte dhó.

400

1850

1851

1852

1853

1854

1855

1856

1857

1858

1859

1860

1861

1862

1863

1864

1865

1866

1867

1868

1869

1870

1871

1872

1873

1874

1875

1876

1877

1878

1879

1880

GRAIMÉAR GAEDHILGE.

RANNA GRAIMÉIR.

Tá cheithre chuid sa Ghraiméar : (1) *Oirléigheamh*; (2) *Forus Focal*; (3) *Cóimhréir*, agus (4) *Prósóid*.

1. Baineann **Oirléigheamh** le leitreacha agus le firleitriúchán sa scríbhinn.

2. **Forus Focal**; sin roinnt agus fille agus fírphréamhú focal.

3. **Cóimhréir**; sin fírréiteach na bhfocal le chéile.

4. **Prósóid**; sin fíorchanúint na bhfocal.

OIRLÉIGHEAMH.

1. **An Aibghitir**. Tá ocht leitreacha dhéag (18 leitreacha) i nAibghitir na Gaedhilge. Sidiad iad :

a, b, c, d, e, f, g, h, i, l, m, n, o, p, r, s, t, u.

Bíd n-a *gcinnleitreacha* agus n-a *ngnáthleitreacha*. Roinntar iad leis n-a *gconsoiní* agus n-a *ngutaí*.

Sidiad na **Gutaí** :

a, o, u, e, i 5.

Na **Consoiní** :

b, c, d, f, g, h, l, m, n, p, r, s, t. 13.

Bíd na *gutaí fada* nuair a bhíonn an *Síne* ortha :

á, ó, ú, é, í.

Nuair ná bíonn an *síne* ortha, bíonn siad *gairid* :

a, o, u, e, i.

Roinntar na gutaí idir **chaol** agus **leathan**.

a, o, u, : na *leathain*.

e, í, : na *caoil*.

2. **Défhoghracha** : *Dhá ghuta a theacht le chéile sa scríbhinn sin défhoghrach.*

Do réir fhuama, ba cheart foghar gach guta do chlos Ní cloistar i gcómhnuí sa Ghaedhilg é. Uaireannta, deinde siad aon fhuaim amháin, e.g., lae. Uaireannta, bíonn guta aca fada, e.g., láir. Sidiad defhoghracha na Gaedhilge.

ae : lae.	éa : féar.	ia : Dia.	ói : móin.
ao : daor.	eá : caisleán.	íó : fíor.	oi : toil.
ái : cáin.	ea : ceart.	io : fios.	ua : fuar.
aí : tais	eó : ceól.	iú : siúr.	úi : súil.
aí : geatai.	eo : deoch.	iú : fliuch.	uí : fuil.
	éi : léim.		

Défhoghracha bréige iseadh cuid aca san : Fear < *fer* (r leathan); cm., heart : Gearm. *hertz*.

3. **Tréfhoghracha** : Trí ghuta a theacht le chéile sa scríbhinn, sin *Tréfhoghrach*. Ba cheart foghar na dtrí ngutaí d'aireach-tain. Ní airíotar coitianta sa Ghaedilg é. Défhoghrach *plus* sleamhnú caol atá ionnta ach ceann amháin. Tá seacht gcinn díobh ann :

ao + i > aoi : maoil.

eó + i > eói : ceóil.

eá + i > eái : caisleáin.

ia + i > iai : bliain.

ua + i > uai : fuair.

iú + i > iúi : ciúin.

uí + o > uío : feaduíol.

Ceann déanach an ceann deiridh. Scríbhhtar *aio* agus *úa* leis.

4. **Consoiní** : dhá fhoghar ag gach consoin : an *leathan* agus an *caol*.

Bíonn consoin leathan, nuair a buailtar le guta leathan é, roimis nó n-a dhiadh : mó, ál.

Bíonn consoin caol nuair a buailtar le guta caol é, roimis nó n-a dhiaidh : me, im.

Séimhiú : Tá naoi gcinn de chonsainí go dtéigheann *séimhiú* ortha :

b, c, d, f, g, m, p, s, t.

Chun an séimhiú a thespeáint sa scríbhinn cuirtar *pungc* (·) os cionn na leitreach, nó “h” n-a diaidh mar seo :

ḅ, c̣, ḍ, f̣, g̣, ṃ, p̣, ṣ, ṭ, ṇ,

bh, ch, dh, fh, gh, mh, ph, sh, th.

An *pungc* is coitianta sa chló Ghaedhalach agus an “h” sa chló Rómhánach.

Ais labhartha iseadh an Séimhiú, agus dfhás sé go nádúrtha ar chonsoiní n-a mbíodh guta ar gach taobh dhíobh. Is follus san i bhfoclaibh a glacadh ar iasacht ón Laidin :

Laidean.

Gaedhilg.

baculus

bachal

legendum

léigheann

liber

leabhar

scribo

scríobhaim.

Urdhubha: Téigheann *urdhubha* ar seacht gcinn de chonsoiní:

b, c, d, f, g, p, t.		
m, a dheineann urdhubha ar b.		
g,	„	c.
n,	„	d.
bh.	„	f.
ng,	„	g.
b,	„	p.
d,	„	t.

Scribhtar an dá leitir, ach, sa chainnt, báitar an t-urduibhthe, an tarna ceann. Cuir i gcás:

a mbád=a mád.

Is mar sin a scríbhtar é leis .i. a mbád.

Isé an *srónú* fé ndeara an t-urdhubha i gcómhnuí. Mír nó focal éigin go raibh “n” n-a dheire—péaca beó nó marbh don “n” san—is uaidh sin do shíolruigh an *srónú*. Cuir i gcás:

Diúltach $\overset{\circ}{n}(\text{an}) + \text{cóir} > \text{an cóir} > \text{éagcóir}.$

Diúltach $\overset{\circ}{n}(\text{an}) + \text{trom} > \text{an-trom} > \text{éadtrom}.$

Diúltach $\overset{\circ}{n}(\text{an}) + \text{deise} > \text{ain-deise} > \text{aindise}.$

Diúltach $\overset{\circ}{n}(\text{an}) + \text{cosamhail} > \text{an-cosamhail} > \text{éagcosamhail} > \text{éagsúil}.$

Consoiní áirithe nuair a thagann dhá cheann éagsúla aca lena chéile, ní ghabhaid siad d’aonbhuidhin san úrlabhra. Airfotar guta gairid eatortha. Cuir i gcás:

dearg=dearug.

Guta Tacair (Epenthetic) é sin. Sidiad na consoiní is mó n-a mbíonn Guta tacair eatortha:

gn, cn lbh, lg, lm, rb, rbh, rg, rn, lmh, lbh, nbh, nmh, nch, rch.

Uaireanta, rithid, consoiní ina chéile :

dl > *ll* : codladh.

dn > *nn* : céadna.

nd > *nn* : gránda, gránna.

ln > *ll* : áilne : áille.

ngn > *nn* : congnamh, iongna.

Tá trí consoiní go dtéigheann *dúblú* ortha : *ll*, *nn*, *rr*.

TÁIBHLE NA gCONSOINÍ.

	Puisíneach.	Déadach.	Carblach.
I. Pléascúla :			
1. Neamhfhoghrach	p.	t.	c.
2. Neamhfhoghrach séimh	f, ph, þ.	(th, ð).	ch.
3. Foghrach	b.	d.	g.
4. Foghrach séimh	bh, ð.	(dh, ò).	gh, ġ.
II. Sruthúil :			
1. Neamhfhoghrach		s.	
III. Sonúil :			
1. Srónach	m.	n, nn.	ng.
2. Srónach séimh	mh, m̃.		
3. Leachtach		l, ll, r, rr.	

Sa Mheán-Ghaedhilg, an *pléascúil*, *neamhfhoghrach*, *séimh*, *déadach*, (th, ð), do dhein "h" (*análú garbh*) de; agus an *pléascúil*, *foghrach*, *séimh*, *déadach*, (dh, ò), do thuit sé isteach leis and *gcarblach* (gh, ġ).

Difhoghrú consoiní: Nuair a thagann fuaim *h* taobh le consoin foghrach, aistríonn an consoin sin ó fhoghrach go neámh-fhoghrach :

$b + h > p$: preabaim : preabfad (= *preapad*).

$d + h > t$: séidim : do shéidfinn (= *shéitinn*).

$g + h > c$: fágaim : dfhágfainn (= *dfhúcainn*).

$\left. \begin{array}{l} bh(mh) + h \\ h + bh(mh) \end{array} \right\} > f : \left\{ \begin{array}{l} \text{ámhthach (= áfach); aílthbhior} \\ \text{cathbhairín (= cafairín).} \end{array} \right. \quad \begin{array}{l} \\ (= aifior). \end{array}$

$\left. \begin{array}{l} gh + h \\ h + gh \end{array} \right\} > ch : \text{aithghiorra (= aichiorra); iathghlas} \\ \hspace{15em} (= iachlas).$

$\left. \begin{array}{l} dh + h \\ h + dh \end{array} \right\} > th : \text{laoidthe (= laoithe).}$

5. **Análú Gutaí:** An guta a bhíonn i siollabh fé leith, tagann malairt datha air ósna gutaí is girre dhó. *Análú Gutaí* a tugtar air sin.

Bíonn a rian ar chonsoiní leis.

Is gnáthaí gur chun tosaigh a dh'oibríonn an t-análú san; sé sin, an chéad shiollabh do theacht fé anáil an ghuta san tarna siollabh, agus an tarna siollabh do theacht fé anáil an ghuta sa tríú siollabh, agus mar sin dóibh. Is féidir don análú san teacht ó ghuta leathan nó ó ghuta caol.

Análú ó ghuta leathan :

muir : *gein.*, mora, mara.

sruth : *gein.*, srotha.

**vir-os* > S.Gh. *fer* > N.Gh. fear.

Análú ó ghuta caol :

long : *gein.*, luinge.

grian : *gein.*, gréine.

maor : *gein.*, maoir.

Ceilteis **Vat-is* > S.Gh. *fáith* > N.Gh. fáidh.

As an análú san dfhás sa Ghaedhilg, dhá rud :

(a.) *Défhoghracha bréige agus tréfhoghracha.*

(b.) “*Caol le caol agus leathan le leathan.*”

(a.) Leasmu de ao, úi, éa, eó, ia, iú, défhoghracha bréige íseadh an chuid eile de dhéfhoghracha na Gaedhilge, sé sin, do réir a ndúthchais :

Fíos < S.Gh. *fis* (s leathan). Cuirtar an “o” isteach chun a thespeáint go bhfuil an “s” leathan.

Súil < *sul-is*. Nuair a cailleadh an t-erball *-is*, do cuirtear i roimh an “l” chun a thespeáint go mbíodh an “l” caol.

(b.) *Consoin aonair (nó dhá chonsoin do mheascann ar a chéile) do theacht idir dhá ghuta, ní fuláir an dhá ghuta a bheith leathan, nó neachtraca, iad a bheith caol.* Sin “*Caol le caol agus leathan le leathan.*”

Is féidir é fheiscint i gcóshuiteacha mar seo :

Fear + ín (disbeaga) > firín (ní fearaoin).

mála + ín „ > mállín.

gráin + da > gránda : gránna.

gruaim + dha > gruama.

6. Aiceann. Tá an t-aiceann ana-thréan sa Ghaedhilg. Ar an gcéad shiollabh sa bhfocal a bhíonn an t-aiceann ó dhúthchas sa Ghaedhilg :

gea'ta : coi'nnle : lea'bhra.

ma'lluithe : tea'chtaire : ionn'racas.

I gcanúint Chúige Mumhan, tuiteann an t-aiceann uaireannta ar an tarna siollabh i bhfoclaibh dhá siollabh :

(a.) *Nuair a bhíonn an síne ar an tarna siollabh :*

gea'ta : geata'í. coi'nnle : coinnleó'ir.

ca'thair : cathaoi'r. ca'sann : casá'n.

Agus, uaireannta, ar an siollabh deiridh i bhfoclaibh trí siollabh sa chás chéadna.

spealadóir' : asachán' : atharrú'.

Nó sa tarna siollabh féin má bhíonn an síne air :

glig'Inteacht : feirmeóir'eacht : oiriú'nach.

(b.) *Nuair a bhíonn -ach, -acht, -óg, -án, -áil, etc., i ndeire an tarna siollabh agus an chéad shiollabh gairid :*

có'rach : currach'. prá'sach : praiseach'.

á'illeacht : oirea'cht. plá'sóg : copóg'.

Agus nuair a cuirtar leósan, is gnáthaí dhóibh an t-aiceann bunúsach do chimeád :

cnapach' : cnapa'cha. oireach't : oireach'tas.

7. **Cuimriú** : Nuair a cuirtar siollabh le ceann deiridh focail is minic a ghiorruíotar de shiollabh n-a lár é. Cuir i gcás.

Cathair + ach > cath(ai)rach > cathrach.

Tugtar *Cuimriú* ar an ngiorrúchant san i lár baill fhocail. Treise an aicinn sa Ghaedhilg, agus “Caol le caol agus leathan le leathan,” an dá rud san ag oibriú i dteannta a chéile, isiad san fé ndeara Cuimriú.

Rialacha dhon Chuimriú :

1. Focal dhá shiollabh n-a gcuirtar siollabh leis.
2. An Cuimriú do dhul ar an siollabh i ndiaidh an aicinn.
3. An guta, nó an défhoghrach san tsiollabh san i ndiaidh an aicinn, do thuitim ar lár, má bhíonn sé gairid.
4. “Caol le caol agus leathan le leathan,” do dhul ar na consoiní annsan más éigin é.

obair + e > *ob(ai)re > oibre. (*cm.* Laid. *operis*).

olann + a > *ol(a)nna > olнна > olна (*olla*).

labhar + im > *labh(a)rim > labhraim .

muileann + óir > *muil(ea)nnóir > muilnnóir > muilleóir.

An guta nó an défhoghrach a múchtar, ní fuláir dó bheith gairid :

lasair : lasrach. saighid : saighdiúir.

FORUS FOCAL.

8. Naoi ranna inscne atá ann : **Alt, Ainm, Adiacht, Forainm, Briathar, Dobhriathar, Rémhfhocal, Comhnasc, Uaillbhreas.**

9. **Alt** amháin atá sa Ghaedhilg .i. *Alt an chinnteacháin*. Tá trí ghné air san uathadh : *an, ant, na*. Gné amháin atá air san iolradh : *na*.

Uathadh : A ghné choitianta *an; an fear, an bhean; na sa gheiniúnach baininscneach*, mar atá : *gabha na coille*.

An t- (a) san *ainmneach agus sa ghearánach firinscneach* roimh Ainm a thosnuíonn ar ghuta : is fearr *an t-imreas ná an t-uaigneas; caith an t-ubhall* chugham.

(b) San *ainmneach baininscneach* ar Ainm a thosnuíonn ar “s” : *an tsúil, an tsrón*.

(c) Sa *gheiniúnach firinscneach* ar Ainm a thosnuíonn ar “s” : *tigh an tsagairt*.

(d) Sa *tabharthach*, ar Ainm a thosnuíonn ar “s,” nuair is inchurtha séimhiú ar an “s” : *don tsuil; don tsagart*.

Iolradh : *na fir; na mná; ar na fearaibh; saothar na mbeach*.

Iarmbéarla .i. focal neamhaiceanta iseadh an tAlt. Ní bhíonn aiceann air sa chainnt aon uair.

10. **Préamh an Ailt :**

RemhGhaedhilg, **sindas* (F.), **sinda* (B.). Roimh aimsir na Sean-Ghaedhilge, do cailleadh “s” tosaigh ar fhoclaibh neamhaiceanta; cm., *amhail, samhail*, (L. *similis*), agus do cailleadh na herrbail -*as, -a, &c.* D’fhág san, Alt na Sean Ghaedhilge *ind > inn > an*.

Nuair a thosnuigh an Ainm ar ghuta, do dhein **sint* > *int* den *sindas*, sa tSean Ghaedhilg agus maireann sé fós sa Ghaedhilg: *int uball* > an t-ubhall.

Nuair a thosnufonn an ainm ar “s” agus nuair is ceart séimhiú do dhul ar an “s,” gheibhtar sa tS.Gh., *indshúil*, *indshacairt*, *dondshoilse*, &c. Agus ón uair gurab ionann *d + h* agus *t* scríobhtar an tsúil, an tsagairt, don tsóilse anois.

Sa tS.Gh., leis do cimeádtí uaireanta an “s” a bhí i dtosach an Ailt 5 dhúchas, nuair a thagadh roimis, remhfocal a chríochnufonn ó dhúchas ar chonsoin: *cossind chlaidiub* > gusan claidheamh = go dtí an claidheamh; *forsna bullu* > ar na ballaibh.

Ta a iarsma san sa Ghaedhilg fós, mar deirtar: *insan leabhar*; *leis an bhfear*; *insna páirceanna*; *dosna daoineibh*. Do leath se de bharr Annlaighe.

AN AINM.

11. Ainm iseadh focal a chuireann i dtuiscint an ainm atá ar dhuine nó ar áit nó ar aonrud.

Saghsana Ainme: An *Díleas*, an *Coitianta* agus an *Teibí*, an *Sluaghainm*, an *Ainm Briathra* agus an *Ainm Cóshuíte*.

Ainm Díleas iseadh ainm duine nó ainm áite: Seán, Cor-caigh.

Ainm Coitianta .i. ainm aonruda: falla, lámh, peann, gabhar, crann.

Ainm Teibí iseadh ainm cáilíochta a shíolruíonn ó Aidiacht: buige (bog); maitheas (maith); líomhthacht (líomhtha); salachar (salach).

Sluaghainm .i. mórán den ghné chéadna i n-aon mheall ambáin: cuallacht, luingeas, aonach, scata.

Ainm Briathra iseadh ainm an ghnímh a bhíonn i mBriathar: bualadh (buail); eirghe (eirigh); gluaiséacht (gluais); tuitim (tuit); fanúint (fan).

Ainm Cóshuite, sin Ainm a deintar de dhá roinn eile inscne; mionchaint, seanduíne.

12. Cheithre thrúig atharúcháin don Ainm: (a.) Inscne; (b.) Pearsa; (c.) Uimhir; (d.) Tuiseal.

13. *Inscne*, 'sé sin gné an Ainme.

Dhá Inscne sa Ghaedhilg: *Firinscne* agus *Baininscne*.

Is *Firinscne* gach ainm fir, gach fireann agus sliocht gach préimhe firinne: Fear, spealadóir, laoch, tarbh, coileach, file, guth.

Is *Baininsce*, gach bean, gach boineann, agus sliocht gach préimhe boininne: bean, caílleach, bó, caora, cearc, tuaith, súil, cathair.

Aithníotar an Inscne ar trí shli:

1. **Ón alt:**

F.	B.
An fear	An bhean.
An coileach	An chearc.
An seanduíne	An tseanbhean.
An t-ubhall	An adharc.

2. **Ón bhforainm:**

Fear é sin	Bean í sin.
Is reithe é	Is caora í.
Leabhar é sin.	Mias úiseadh í.

3. Ón nDíochlaona :

Don fhear	Ón dtuaith.
Lár an bhóthair	Lár na páirce.
Glaodh bhur gcoiligh	Ubh bhur gcirce.

Do bhí inscne *Neódair* sa Ghaedhilg, uair, ach do cailleadh é. Bhíthas á chailliúint, aimsir na SeanGhaedhilge féin. Tá cuid dá iarsmaí sa tean-gain fós. Na focail a bhí neódair fadó, d'aistríodar go dtí an Firinscne nó an Baininscne. Bhí fo-cheann nár shocrúigh fé cheachtar dhen dhá inscne :

F.		B.
An t-iongna	:	an iongna.
An buadh	:	an bhuadh.
an céim	:	an chéim.

14. Deineann Pearsa *dealú* idir :

- (a) *An Chéad Phearsa*, 'sé sin, an té atá ag labhairt, agus
 (b) *An Dara Pearsa*, 'sé sin, an té n-a bhfuiltear ag labhairt leis, agus
 (c) *An Tríú Pearsa*, 'sé sin, an té, nó an rud ara bhfuiltear ag labhairt.

15. **Trí Uimhir** sa Ghaedhilg, .i. an *Uathadh* agus an *Déidhe* agus an *Iolraidh*.

Uimhir Uathaidh .i. a haon den Ainm : bó.

Uimhir Dhéidhe .i. a dó den Ainm : dhá bhoín.

Uimhir Iolraidh .i. breis thar a dó den Ainm : ba.

16. Chúig Thuiseal sa Ghaedhilg : an *tAinmneach* agus an *Gearánach*, an *Geiniúnach*, an *Tabharthach* agus an *Gairmeach*.

An *Tuiseal Ainmneach*, isé sin gné bhunúsach an Ainme. Gabhann se le Briathar i gcómhnuí. Isé an tAinmní é, nó an Gníomhuí a dheineann an gníomh a bhíonn sa Bhriathar: cuir i gcás:

D'eirigh Seán.

Isé Seán a dhein an gníomh a cuirtar i dtuiscint dúinn leis an bhfocal "d'eirigh," .i. gníomh eirghe. Isé Seán an tAinmní. Ar an adhbhar san áirmhíotar *Tuiseal Ainmneach* don bhfocal "Seán" sa chás san.

An *Tuiseal Gearánach*: Isé sin an fhuirm den Ainm a tuilíníonn an gníomh a bhíonn sa bhriathar aistreach. Cuir i gcás:

Do scríobh Máire leitir.

An gníomh a cuirtar i n-úil tríd an Bhriathar san *do scríobh* (gníomh an scríobhtha), isí Máire do dhein é, agus is *Tuiseal Ainmneach* don bhfocal *Máire* dá réir. Isé an "leitir" dhuiling an gníomh agus áirmhíotar *Tuiseal Gearánach* don bhfocal ón bhfulang san.

An *Tuiseal Geiniúnach* iseadh an tuiseal a *geineadh* ón Ainmneach. An Geiniúnach is eochair don díochlaonadh. Más eól duit an Geiniúnach is eól duit an díochlaonadh. Ní mór Ainm eile do dhul roim an nGeiniúnach. Sidé an riall: Dhá Ainm nó a samhail a chuireann i n-úil dhá rud éagsúla, do theacht le chéile sa chainnt, an tarna Ainm do bheith san *Tuiseal Geiniúnach*:

Duilleabhar croinn: fear feasa

i mbéal an dorais: tar éis an lae.

An *Tuiseal Tabharthach*: Isé sin an *Tuiseal* n-a riarann Réimhfocal ar an Ainm tríd:

Tá an bháisteach ag druidim ar *Chorcaigh*.

Chonnac i leabhar éigin é.

Tabhair don duine bhocht é.

An *Tuiseal Gairmeach* : Isé bhíonn sa ghairm nó sa ghlaoch :

A Thaidhg, a mhic ó.

Bíonn *a* roimis i gcomhnuí ach ní airíotar sa chainnt é roim ghuta no roim *Fh* :

'Fhir an tighe.

Bailigh leat (a) amadáin.

Séimhiú ón *a* san.

DÍOCHLAONADH.

17. **Chúig Dhíochlaonadh** sa Ghaedhilg. Aithníotar an díochlaonadh ar an gcuma ina ndeintar an *Tuiseal Geiniúnach*.

18. An Chéad Díochlaonadh.

Ainmneacha an Chéad Díochlaonadh : Consoin (no dhó) leathan n-a ndeire. Iad go léir firinscne. An Geiniúnach do dhéanamh ón Ainmneach tré chaolú ar an gconsoin deiridh.

Seo samhlaoid air : Capall.

Uimhir Uathaidh. Uimhir Iolraidh.

<i>Tuiseal Ainmneach</i>	: capall.	capaill.
<i>Tuiseal Gearánach</i>	: capall.	capaill.
<i>Tuiseal Geiniúnach</i>	: capaill.	capall.
<i>Tuiseal Tabharthach</i>	: capall.	capallaibh (capaill).
<i>Tuiseal Gairmeach</i>	: a chapaill.	a chapalla.

As san is intuigthe gur mar a chéile an tAinmneach agus an Gearánach; agus mar sin a bhí, coitianta, i ngach díochlaonadh; gur mar a chéile an tAinmneach Uathaidh, an Tabharthach Uathaidh agus an Geiniúnach Iolraidh; gur mar a chéile

an Geiniúnach Uathaidh agus an tAinmneach Iolraidh. Ní mar sin dóibh i gcomhnuí, mar bíonn Iolradh fé leith ag gach Ainm. Sa Tabharthach Iolraidh is féidir *-ibh* a chur n-a dheire nó feidhm a bhaint as an Ainmneach Iolraidh. Tá an *-ibh* san á chailliúint go tiugh i gcainnt na ndaoine.

Don Ghairmeach Iolraidh, *-ibh* do bhaint den Tabharthach Iolraidh.

19. Leithleachas Caolúcháin sa Gheiniúnach :

Ainmneach.

✓ marcach
✓ coileach
✓ fear
✓ leanbh
✓ ball
✓ cnoc
✓ féar
✓ éan
fiadh
Fionn
✓ mac
✓ biadh

Geiniúnach.

marcaigh.
coiligh
fir
leibh
baill
cnuic
féir
éin
féidh (fiaidh)
Finn
mic
bídh

20. Leithleachas Iolraidh :

Ainmneach Uath.

1. -e :

✓ aonach
✓ dorus
aingéal
✓ bóthar
madra(dh)
✓ slabhra(dh)
✓ coga(dh)
carn
✓ samhra(dh)
marga(dh)

Ainm. Iol.

aontaí(ghé), aonaí(ghé).
dóirse
aingil, aingil
bóithre
madraí(dhe)
slabhraí(dhe)
cogaí(dhe)
cáirne
samhraí(dhe)
margaí(dhe).

2. -a :	seód	seóda
	slán (urra)	slána
	deór	deóra
	caor	caora
	sméar	sméara
	ubhall	ubhla
	fiach	fiacha
	scéal(tuairisc)	scéala
	bruach	bruacha

3. -ta[tha] :	seól	seólta
	ceól	ceólta
	néall	néalta
	scéal	scéalta
	cuan	cuenta
	céad	céadta
	múr	múrtha
	líon	líonta

4. Éagsúla :	clár	cláracha, cláir
	tobar	tobracha, tobair
	sluagh	sluaite
	muileann	muilte
	mac	mic
	cala(dh)	calaithe
	saghas	saghsana
	sórt	súirt

21. Urmhór na bhfocal sa díochlaonadh so gheibhtar an díochlaonadh céadna ortha—chomh fada agus is eól dúinn—sa tS.Gh. Préacha -o- iseadh iad. Cuir i gcás :

Ceiltis **vir-os* > S.Gh. *fer* > N.Gh. *fear*.

Ceiltis **slōg-os* > S.Gh. *slōg* > N.Gh. *sluagh*.

On -o-s san a tugtar préacha -o- ortha. Bhí díochlaonadh ortha cosúil le *dominus* sa Laidin.

Gein. **vir-i* > S.Gh. *fir* > N.Gh. *fir*.

Gein. **Slōg-i* > S.Gh. *slóig* > N.Gh. *sluaigh*.

An Dara Díochlaona.

Comhartha an Dara Díochlaonadh : an geiniúnach ar -e.

Ainmneacha an Dara Díochlaonadh : iad go léir, ach fírbheagán, *baininscne*; consoiní n-a ndeire; cuid aca leathan, agus an chuid eile caol.

Cuirtar -e leis an Ainmneach Uathaidh chun an *Geiniúnach* Uathaidh a dhéanamh. Nuair a bhíonn an tAinmneach leathan, imthíonn caolú ar an gconsain deiridh nuair a cuirtar -e leis; -e do bhaint den Gheiniúnach don *Tabharthach*. Don *Ainmneach Iolraidh* : -a do chur leis an Ainm. Uath. san leathan; -e san ghné chaol. Ach is minic malairt ar an riail seo.

An Ghné Leathan. Tuath.

	<i>Uimh Uath.</i>	<i>Uimh Iol.</i>
<i>Tuiseal Ainm</i>	: tuath	tuatha
<i>Tuiseal Gear</i>	: tuath	tuatha
<i>Tuiseal Gein</i>	: tuaithe	tuath
<i>Tuiseal Tabh</i>	: tuaith	tuathaibh (tuatha)
<i>Tuiseal Gairm</i>	: a thuath	a thuatha

An Ghné Chaol. Súil.

	<i>Uimh. Uath.</i>	<i>Uimh Iol.</i>
<i>Tuiseal Ainm</i>	: súil	súile
<i>Tuiseal Gear</i>	: súil	súile
<i>Tuiseal Gein</i>	: súile	súil(súl)
<i>Tuiseal Tabh</i>	: súil	súilibh(súile)
<i>Tuiseal Gairm</i>	: a shúil	a shúile

Is minic a bhíonn an Geiniúnach Iolraidh leathan. An Tabh. Iol., ar -ibh, is annamh feidhm dá bhaint as sa chainnt.

An Gear. Uath., sa ghné leathain, is minic is ionann é agus an Tabh. Uathaidh.

23. Leithleachas caolúcháin san Uathadh.

<i>Tuis Ainm.</i>	<i>Tuis. Gein.</i>	<i>Tuis. Tabh.</i>
Cailleach	Caillighe	Cailligh
míor	míre	mír
géag	géige	géig
beach	beiche	beich
grian	<u>gréine</u>	gréin
long	luinge	luing
cearc	circe	circ
buidhean	buidhne	buidhin
clann	cloinne	cloinn
deoch	dighe	digh
scian	scine	soin (sciain)
briathar	bréithre	bréithir
bláthach	bláithighe	bláithigh
lathach	laithighe	laithigh
dabhach	daibhche	dabhaigh
aghaidh	aighthe	aghaidh.

24. Leithleachas Iolraidh.

	<i>Uathadh.</i>	<i>Iolradh.</i>
I. -anna :	cúis	cúiseanna
	luibh	luibheanna, luibhnacha
	béim	béimeanna
	duais	duaiseanna
	áit	áite, -teanna, -teacha.
	luch	lucha, -channa
	scoil	scoileanna, -lteacha, -lta
	fuaim	fuaimeanna
	uair	uaire, -reanna, -reanta
	sráid	sráide, -deanna, -deacha.
	páirc	páirce, -ceanna
	feis	feiseanna

2. -acha : obair oibreacha
 óráid óráideacha
 slat slata, -tacha
 leiter leitreacha
 préamh préamhacha (préacha)
 paidir paidreacha
 aicid aicídí, -deacha
 ciúmhaís ciúimhse, -seacha
 truaille (cloidhimh) truailleacha
 leac leaca, -cacha, -cracha
3. -te, -the, -tha : coill coillte -the
 túr túrtha
 tír tíortha
 aghaidh aighthe
 spéar spéartha

25. Sliocht dhá phréamh san tSeanGhaedhilg iseadh urmhómór d'ál an Díochlaona so .i. $\sqrt{a}$ agus $\sqrt{i}$ ($\sqrt{i}$). An focal *tuath* san tS.Gh., do shíolruigh ó **tōt-ā*, agus is ón *-ā*, a bhí n-a dheire a tugtar $\sqrt{ā}$ air. Tagann an Geiniúnach ó **tōt-ās*, ach an caolú ann do theacht, bhéidir ar shliocht $\sqrt{iā} > *tōt-iās$.

Agus an focal *súil*, do shíolruigh ó **súl-is*; agus is ón *-i-* a bhí n-a dheire a tugtar $\sqrt{i}$ ar a leithéid.

On bpréimh $\sqrt{-ā}$ do shíolruigh an ghné leathan; ón bpréimh $\sqrt{-i}$ do shíolruigh an ghné chaol.

$\sqrt{i}$: An méid a bhí an phréamh so baininsneach iseadh do líon sé isteach san dara díochlaona againne.

Tá adhbhar éigin de phréamhacha consonta ón tSeanGhaedhilg a fuair bheith istigh sa díochlaona so. Seana-neódar a b'eadh iad.

$\sqrt{n}$ (nn): Ainm. Gear. Béim, -me, -min. Iol., -menn.

„ „ Ainm, anmae, annimm. Iol., anmann.

$\sqrt{s}$: Ainm. Gear. Tech, tighe, tig. Iol., tighe.

„ „ Sliab, sléibe, sléib. Iol., slébe.

Tá an Inscne neamhchruinn ortha fós.

26.

An Triú Díochlaona.

Comhartha an Triú Díochlaona: *geiniúnach* ar “-a.”

An *tAinmneach*: caol nó leathan.

An *Inscne*: Baininscne nó Firinscne.

Don Gheiniúnach: “-a” do chur leis an *Ainmneach*.

Nuair a bhíonn an *tAinmneach* caol, leathníúonn an “a” san an *Gheiniúnaigh* é: goin, gona.

		<i>Fion. F.</i>		<i>Feoil. B.</i>	
		<i>Uath.</i>	<i>Iol.</i>	<i>Uath.</i>	<i>Iol.</i>
<i>Ainm. Gear.</i>	:	<u>fion.</u>	fion, -ta.	feoil.	feóla, -tha.
<i>Geiniúnach</i>	:	fíona.	fíon.	feóla.	feóil.
<i>Tabharthach</i>	:	fion,	fíontaibh, -naibh.	feoil.	feólaibh, -thaibh.
<i>Gairmeach</i>	:	a fhion.	a fhíonta, -na.	a fheoil.	a fheóla, -ltha.

27. Leithleachas leathnúcháin sa *Gheiniúnach Uath*.

	<i>Ainm.</i>		<i>Gein.</i>
<i>io > ea</i> :	<u>cion</u>	:	ceana
	<u>crios</u>	:	creasa
<i>ei > ea</i> :	<u>greim</u>	:	greama
<i>i > ea</i> :	<u>bith</u>	:	beatha
	<u>cith</u>	:	ceatha x m
<i>u > o</i> :	<u>xguth</u>	:	gotha
	<u>lus</u>	:	losa
	<u>crut</u>	:	crota
	<u>sruth</u>	:	srotha
<i>ui > o</i> :	<u>cuid</u>	:	coda x f
	<u>druim</u>	:	droma
	<u>fuil</u>	:	fola
	<u>muir</u>	:	mora, mara x f

28. **Iolradh.** Iolraí anéagsúla san díochlaona so: “-a,” an ceann is coitianta; ach táid iolraí dúbalta ag teacht i bhfeidhm go mór:

	<i>Uath.</i>		<i>Iol.</i>
<i>-a</i> :	cnámh	:	cnámha ✓
	(feart	:	fearta
<i>-anna</i> :	druim	:	dromanna
	greim	:	greamanna
	sruth	:	srothanna, srotha
	(maidhm	:	madhmanna
<i>-i</i> :	altóir	:	altóirí
	spealadóir	:	spealadóirí
	buachaill	:	buachaillí ✕
<i>-te, -ta</i> :	móin	:	móinte ✕
	(táin	:	táinte
	gleann	:	gleannta ✕ ?
	lionn	:	lionnta
	bliain	:	blianta ✕
<i>leithleachas</i> :	gníomh	:	gníomhartha
	connradh	:	connartha
	cliamhain	:	cleamhnacha
	leabaidh	:	leabtha, leabthacha, leaptha.

Tá dhá Gheiniúnach ag roinnt focal a áirmhíotar fén díochlaona so :

gníomh	:	<i>gein.</i> , gníomha	:	gnímh
móin	:	„ móna	:	mónadh
druim	:	„ droma	:	dromann
cáin	:	„ cána	:	cánach

29. Soláthar don díochlaona so :

1. $\sqrt{u}$ na SeanGhaedhidge. Do shíolruigh san ón Réamh-Ghaedhilg seo : *Ainm.*, *got-us ; *Gein.*, *got-ous.

Uaidh sin a shíolruigh urmhór de leathan an díochlaona so, an méid is firinscne iad, nó seana-neódair d'aistrigh go dtí an firinscne nó an baininscne.

2. $\sqrt{i}$ agus $\sqrt{\bar{i}}$. Uaidh sin do shíolruigh a lán de chaol an díochlaona so, firinscne agus baininscne, agus seana-neódair d'aistrigh firinscne agus baininscne :

$\sqrt{i}$: cnáimh, F. ; muir, N.

$\sqrt{\bar{i}}$: bliain (bliadhnae).

3. Préamhacha consonta ; beagán díobh :

$\sqrt{n(nn)}$: drom (druim), dromann.

30.

An Ceathrú Díochlaona.

Comhartha an Cheathrú Díochlaona : an tAinmneach agus an Geiniúnach do bheith mar a chéile.

A sholáthar : baininscne agus firinscne. .

Na focail a bhaineann leis, críochnuid ar ghuta nó ar -ín, agus fírbheagán díobh ar chonsoin.

Sidé a roinnt :

1. Ainmneacha ar ghuta.
2. Ainmneacha pearsanta ar -aire, -aidhe (-uidhe), -aighe.
3. Ainmneacha teibí ar -e : gile.
4. Disbeagtha ar -ín : cailín.
5. Ainmneacha dílse de stoc iasachta : Pádraig.

		Geata.		Fírlín.	
		Uath.	Iol.	Uath.	Iol.
Ainm. Gear.	:	geata.	geataí.	fírlín.	fírlíní.
Geiniúnach	:	geata.	geataí.	fírlín.	fírlíní.
Tabharthach	:	geata.	geataí(bh).	fírlín.	fírlíní(bh).
Gairmeach	:	a geata.	a gheataí.	a fhírlín.	a fhírlíní.

31. Leithleachas Iolraidh.

	<i>Uath.</i>		<i>Iol.</i>
-te :	X baile	:	bailte
	X sloinne	:	sloinnnte
	X múille	:	múillte
	X míle	:	mílte
-the :	croidhe	:	croidhthe
	draoi	:	draoithe
-acha :	uinge	:	uingeacha <i>úinsa</i>
	easna	:	easnacha
-te, -eacha :	léine	:	leinte, -teacha
	teine	:	teinte, -teacha
éagsúla :	X gnó <i>(én)</i>	:	gnótha, -thaí
	X duine	:	daoine
	X ní <i>(í)</i>	:	neithe, nidhthe.

32. Iarsma dhá phréamh prínsiobáltha ón tSeanaGhaedhilg atá sa díochlaona so .i. $\sqrt{io}$ agus $\sqrt{iā}$.

Mar a chéile $\sqrt{io}$ agus $\sqrt{o}$ ach *i* do bheith leis.

*Kegl-*ios* > *céle* > *céile*.

*Krid-*ios* > *cride* > *cridhe* (*croidhe*).

Ar an gcuma gcéadna gabhaid $\sqrt{iā}$ agus $\sqrt{ā}$ le chéile

*god-*iā* > *guide* > *guidhe*.

Gheibhtar annso leis, áireamh atharrúcháin ó phréamhacha eile :

$\sqrt{d}$: S.Gh. : *teine* : Gein., *teined* > *teine*.

slige : „ *sliged* > *slighe*.

tengae : „ *tengad* > *teanga*.

33.

An Cúigiú Díochlaona.

Comhartha an Díochlaona so : consoin de bhreis ar an nGeiniúnach thar an Ainmneach.

Urmhór na bhfocal ann baininscneach.

Guta i ndeire an Tuisil Ainmnigh, ach i bhfírbheagán; l, n, r, mh, i ndeire na coda eile.

Consoin leathan do chur leis an Ainmneach don Gheiniúnach. Sidiaid na consoiní go mbaintar feidhm asta sa chás san : n, nn, d, dh, ch.

	Lacha.		Cara.	
	Uath.	Iol.	Uath.	Iol.
Ainm. Gear.	: lacha.	lachain.	cara.	caraid. cáirde.
Geiniúnach	: lachan.	lachan.	carad.	cárad.
Tabharthach	: lachain.	lachnaibh.	caraid.	cáirdibh.
Gairmeach	: a lacha.	a lachna.	a chara.	a cháirde.

34. Leithleachas.

Ainm. Uath.	Gein Uath.	Iolradh.
gabha ^g	gabha, -ann	gaibhne
caora	caorach	caoírih
cathaoir	cathaoireach	cathaoireacha
ráithín	ráithíneach	ráithíní
coróin	coróineach	coróineacha
breitheamh	breithimh, breitheamhan	breitheamhain
ionga	iongan	ingne
cúil	cúlach	cúlacha

35. Níor tháinig puinn atharúcháin ar an ndíochlaona san ó aimsir na SeanGhaedhilge. Na hAinmneacha atá ann ó aimsir na Réamh-Gaedhilge bhí díochlaona ortha cosúil leis an tríú díochlaona sa Laidin :

R.Gh. *natricks : *natrick-os.
S.Gh. nathair : nathrach.

aba

CRaen

CARA

11712

36.

Díochlaona Neamhrialta.

<i>Ainm.</i>	<i>Gein.</i>	<i>Tabh.</i>	<i>Iol.</i>
athair	athar	athair	aithreacha
deirbhshiúr	deirbhshéar	deirbhshiair	deirbhshéarach
rí (<*ríks)	riogh (<*rígos)	righ (<*rígi)	righthe
bean	mná	mnaoi	mná (ban. • Gen. Iol.)
bó	bó	boin	ba
Dia	Dé	Dia	Déithe
lá	lae	ló, lá	laethe
cré	criadh	cré(idh)	créidheana
mí	mí	mí	míosa(nna)
ceó	ciach (ceóigh)	ceó (ciaigh)	ceodhanna, ceócha
ga	ga, gae	ga	gaethe, gathanna
ua, ó	uí, í	ua, ó	uí
frigh	frighde	frighid	frighdeacha.

37.

Díochlaona an Ailt agus an Ainme.

An fear.

	<i>Uath.</i>	<i>Iol.</i>
<i>Ainm. Gear.</i>	: an fear.	na fir.
<i>Geiniúnach</i>	: an fhir.	na bhfear.
<i>Tabharthach</i>	: ar an bhfear.	ar na fearaibh.

An bhean.

	<i>Uath.</i>	<i>Iol.</i>
<i>Ainm. Gear.</i>	: an bhean.	na mná.
<i>Geiniúnach</i>	: na mná.	na mban.
<i>Tabharthach</i>	: ar an mnaoi.	ar na mnáibh.

An t-ubhall.

	<i>Uath.</i>	<i>Iol.</i>
<i>Ainm. Gear.</i>	: an t-ubhall.	na hubhla.
<i>Geiniúnach</i>	: an ubhaill.	na n-ubhall.
<i>Tabharthach</i>	: ar an ubhall.	ar na hubhlaibh.

An inghean.

	<i>Uath.</i>	<i>Iol.</i>
<i>Ainm. Gear.</i>	: an inghean.	na hingheana.
<i>Geiniúnach</i>	: na hinghine.	na n-inghean.
<i>Tabharthach</i>	: ar an inghin.	ar na hingheanaibh.

An Seabhac.

	<i>Uath.</i>	<i>Iol.</i>
<i>Ainm. Gear.</i>	: an seabhac.	na seabhaic.
<i>Geiniúnach</i>	: an tseabhaic.	na seabhac.
<i>Tabharthach</i>	: ar an seabhac.	ar na seabhacaibh.

An tSlat.

	<i>Uath.</i>	<i>Iol.</i>
<i>Ainm. Gear.</i>	: an tslat.	na slata.
<i>Geiniúnach</i>	: na slaite.	na slat.
<i>Tabharthach</i>	: ar an tslait.	ar na slataibh.

38.

ADIACHT.

Adiacht, sin focal a chuireann i n-úil cáilíocht áirithe do bheith i nAinm; cuireann sé teorann le brígh generálta an Ainme.

Réitigheann an Aidiacht leis an Ainm da gceangluotar í do réir Inscne, is Uimhreach is Tuisil.

Cheithre dhíochlaona ar an aidiacht.

Ní bhfaightar “-ibh” ar Aidiachtaibh san Tabharthach Iolra aon uair.

39. An chéad díochlaona; 'sé sin, *Aidiachta n-a mbíonn consoin leathan n-a ndeire* : mór, cas, geal, bacach.

Nuair a ghabhann Aidiacht aca san le *hAinm Firinsneach* isé díochlaona bhíonn air ná an Chéad Díochlaona Ainme : mór, gein. : móir, &c.

Nuair a ghabhann le *hAinm Baininsneach*, gné leathan an Dara Díochlaona Ainme dhó : mór, gein., móire, tabh., móir, &c.

Don uimhir iolraidh “-a” do chur leis an dTuiséal Ainmneach Uathaidh : mór, móra ; beag, beaga ; uaigneach, uaigneacha.

40. Leithleachas caolúcháin :—

Ainm.	Gein. F.	Gein. B.
lom	luim	luime
bocht	boicht	boichte
mear	mir	mire
dearg	deirg	deirge
gear	géir	géire
uaigneach	uaignigh	uaignighe
fionn	finn	finne
fial	féil	féile
críon	crín	críne
teann	teinn, tinn	teinne, tinne

Leithleachas Iolraidh.

Ainm.	Gein.		Iol.
	F.	B.	
uasail	uasail	uaisle	uaisle
díleas	dílis	dílse	dílse
íseal	ísil	ísle	ísle

41. An Dara Díochlaona :

Aidiachta n-a mbionn consoin chaol 'n-a ndeire : maith, deimhin, binn.

Nuair a ghabhaid le *hAinm Firinscneach* bíd ar nós an *Cheathrú Díochlaona Ainme*, gan aon atharrú san uathadh.

Nuair a ghabhaid le *hAinm Baininscneach* bíd ar nós an *chaoil san Dara Díochlaona Ainme*, 'sé sin, “-e” de bhreis sa Gheiniúnach.

An uimhir iolradh don dá Inscne, -e do chur leis an uathadh :

	Uath.		Iol.
	F.	B.	
Ainm.	binn	binn	
Gein.	binn	binne	binne

42. Leithleachas :

Ainm.	F. B.	Gein. B.	Iol.
aoibhinn		aoibhne	aoibhne
áluinn		áille	áille
milis		milse (mísle)	milse (mísle)
cóir		córa	córa
deacair		deacra	deacra
socair		socra	socra

43. An Tríú Díochlaona :

Adiachta n-a mbíonn -úil (<-amhail) n-a ndeire. Mar a chéile a ghabhaid don dá Inscne, sé sin, -a de bhreis sa Gheiniúnach Uathaidh agus -a de bhreis don Iolradh ach amháin an Gein. Iol., agus is ionann san agus an tAinm. Uathaidh.

Ainm. fearúil : Gein. fearúla : Iol. fearúla.

Gein. Iol. fearúil.

44. An Ceathrú Díochlaona :

Adiachta n-a mbíonn guta n-a ndeire : fada, cródha, bainte.

Ní ghabhaid siad Díochlaona ar bith chúcha, ó Inscne ná ó Uimhir ná ó Thuiseal ach amháin an méid seo :

te : *Gein. Bain. Uath., agus Iol., teó.*

beó : *Gein. Mac Dé bhí.*

An fear mór.

Uath.

Iol.

<i>Ainm. Gear.</i>	: an fear mór.	na fir mhóra.
<i>Geiniúnach</i>	: an fhir mhóir.	na bhfear mór.
<i>Tabharthach</i>	: ar an bhfear mór.	ar na fearaibh móra.

An bhean mhór.

Uath.

Iol.

<i>Ainm. Gear.</i>	: an bhean mhór.	na mná móra.
<i>Geiniúnach</i>	: na mná móire.	na mban mór.
<i>Tabharthach</i>	: ar an mnaoi mhóir.	ar na mnáibh móra.

An tseamróg glas.

Uath.

Iol.

<i>Ainm. Gear.</i>	: an tseamróg glas.	na seamróga glasa.
<i>Geiniúnach</i>	: na seamróige glaise.	na seamróg nglas.
<i>Tabharthach</i>	: don tseamróig glais.	ar na seamrógaibh glasa.

An sagart foghanta.

Uath.

Iol.

<i>Ainm. Gear.</i>	: an sagart foghanta.	na sagairt fhoghanta.
<i>Geiniúnach</i>	: an tsagairt fhoghanta.	na sagart bhfoghanta.
<i>Tabharthach</i>	: ar an sagart fhoghanta.	ar na sagartaibh foghanta.

*Bunchéim.**Breischéim.**Ardchéim.*

bán	:	níos báine	:	}	is báine.
		níosa bháine	:		
		níba bháine	:		ba bháine.

49. Leithleachas Coindeilge.

beag	:	níos lugha	:	is lugha.
fada	:	níos fuide, faide, sia	:	is sia, &c.
mór	:	níos mó	:	is mó.
olc	:	níos measa	:	is measa.
maith	:	níos fearr	:	is fearr
gearr	:	níos giorra	:	is giorra.
minic	:	níos mionca (minicí)	:	is mionca (minicí).
te	:	níos teó	:	is teó.
tirim	:	níos tiorma, tirme	:	is tiorma, tirme.
[f]urus (fuirist)	:	níos usa	:	is usa
ionmhuin	:	níos ionmhaine, annsa	:	is ion., a.
gar	:	níos goire (girre)	:	is goire (girre).
fogus	:	níos foigse (foisce)	:	is foigse (foisce).
tréan	:	níos tréine, treise	:	is tréine, treise.
gránna	:	níos gráinne	:	is gráinne
árd	:	níos, áirde, aoirde	:	is á., a
iomdha	:	} níos lia	:	is lia.
líonmhar	:			

“Neasa” agus “túisce,” breiscéimigh iad san gan aon bhunchéim dúchais dóibh.

50. Go dtí so táimid ag cur síos ar Aidiachta coitianta. Ach leasmu dhíobh san tá sagsana eile Aidiachta ann:

Aidiacht Uimhreach .i. uimhir nuair a ghabhann sé le hAinm: seacht mba; trí cinn déag de chapallaibh. *Bun-uimhreacha* iad san.

Nuair a chuireann siad i n-úil, órd no eagar an Ainme, tugtar *Orduimhreacha* ortha: an deichú lá; an fichiú cuid.

Ainm iseadh an uimhir nuair ná gabhann Ainm leis : a dó a chlog; leabhar a trí. Ainmneacha iseadh, aonar, beirt, triúr, &c.

51. *Aidiacht Shealbhach* .i. Aidiacht a chialluíonn seilbh. Gabhann Pearsa agus Ulmhir leó:

	<i>Uathadh.</i>	<i>Iolradh.</i>
1. <i>pearsa</i>	: mo, m'.	ár.
2. <i>pearsa</i>	: do, t', h'.	bhur.
3. <i>pearsa</i>	: a (<i>F agus B</i>).	a

mo, do, a (F.), : séimhiú uatha san.

a (B), : h roimh ghuta.

ár, bhur, a (iol) : urdhubha uatha san.

Samhlaidí : mo dhorn; mfhear; m'ubhall.

do chapall; t'fhear; h'athair.

a chapall; a capall; a gcapall.

ár mbaile; bhur gcuirp.

Gabhann Míreanna Neartúcháin lesna hAidiachta Sealbhacha ach is i ndiaidh an Ainme a cuirtar iad : mo cheann-*sa* agus do cheann-*sa*; bhúr leabhair-*se* agus ár leabhair-*ne*.

Sidiad na Míreanna Neartúcháin :

<i>Pearsa.</i>	<i>Uathadh.</i>	<i>Iolradh.</i>
1.	: -sa, -se.	-na, -ne.
2.	: -sa, -se.	-sa, -se.
	{ <i>f.</i> -san, -sean.	
3.	: {	-san, -sean.
	{ <i>b.</i> -se, -si.	

Aidiacht Neartúcháin iseadh an focal "féin" : mo chapall féin.

Ceanglulotar Aidiachta Sealbhacha do Rémhfhoclaibh mar seo :—

Rémhfhocal.	Uathadh.			Iolradh.		
	1 Pearsa.	2 Pearsa.	3 Pearsa.	1 Pearsa.	2 Pearsa.	3 Pearsa.
<i>le</i>	lem	led, let	lena	lenár	lenbhur	lena
<i>i</i>	im	id, it	ina, 'n-a	inár, 'n-ár	inbhur, 'n bhur	ina, 'n-a
<i>de</i>	dem	ded, det	dá	d'ár	d'bhur	dá
<i>do</i>	dom	dod, dot	dá	d'ár	d'bhur	dá
<i>ó</i>	óm	ód, ót	óna	ónár	ón bhur	óna
<i>fá, fé</i>	fám, fém	fét	féna	fénár	fé'n bhur	féna
<i>ag</i>	agem	aged, aget	agá, 'ghá	agár	ag bhur	agá

Samhlaídí : tabhair dom ghiolla é; tá sé aged bhuala; chuireas fém cheann é; bhí sé 'n-a póca aici.

Le Míreanna Neartúcháin : abair let athair-se an méid sin; óm chroidhe-se amach; níl sé 'n-ár measc-na indiu.

Tespéánaí

52. *Aidiacht Tespeántach*, Aidiacht chun tespeána. Ta trí cinn díobh ann .i. so, seo; san, sin; úd.

An tAinm n-a ngabhaid leis, ní fuláir :

1. *an tAlt* a bheith roimis : an fear so; an lá úd; nó
2. *an Tuiseal Gairmeach* a bheith ann : a fhir úd thall; nó
3. *Ainm Dileas* : Tadhg úd na n-ubh.

53. *Aidiacht neamhchinnteach* .i. Aidiacht ná blonn ar bhrigh dheimhnitheach i gcáilocht éigin. Sidiad iad. Aon; éigin; eile; uile; [ar bith]; pé.

Samhlaoidí : bhfuil aon scéal nua agat? Níl focal eile agam.

54. *Aidiacht Riarthach*, Aidiacht go mbíonn ciall riarach aige: gach; uile; gach uile; gach re.

Blonn sé ann *gach* lá.

Blonn *gach re* lá go maith ó la 'le Bríde amach.

55. *Aidiacht Fiafraitheach*, Aidiacht go mbaintar feidhm as ag cur ceiste:—Cá: cathain: cá fainm, ca háit, cá tír duit? Cé (cia): cé mhéid nó cia mhéid?

56. *Aidiacht Briathra*, Aidiacht a chiallaíonn gníomh an Bhriathair a bheith críochnuithe; Doras *oscailte* é sin (: oscail); do leag sé an crann *seirgthe* (: seargaim).

57.

FORAINM.

Forainm, focal a cuirtar i n-ionad Ainme mar chosc ar shíor-aithris ar an Ainm.

Airmhíotar seacht saghsana Forainme sa Ghaedhilg .i. An Pearsanta, agus an Remhfhoclach, agus an Gaolmhar, an Tes-peantach agus an Neamhchinnteach, an Riarthach agus an Fiafruitheach.

58. *Forainm Pearsanta.* Sin Forainm a dheineann tagairt do “phearsa,” sé sin, do dhuine.

	<i>Uathadh.</i>	<i>Iolradh.</i>
1	<i>Pearsa</i> : mé.	sinn.
2	„ : tú.	sibh.
3	„ : sé (F), sí (B).	siad.

Cuirtar Míreanna Neartúcháin leo mar seo: *Mise, tusa, seisean, sise, sinne, sibhse, siadsan.*

Bíonn brígh athchasta leis an bhForainm Pearsanta, nuair a ghabhann “féin” leis: do mhairbh sé é féin.

Bíonn fuirm fé leith ar chuid desna Forainmneacha Pear-santa. 1. nuair a ghabhaid leis an gCopuil (is), agus 2. nuair a bhíd mar chuspóir tar éis Bhriathair Aistrigh. Mar seo: *mé tú (thú), é, í, sinn, sibh, iad.*

Is rí mé; b'é an sagart é; is bó í sin; níor thógas iad.

Forainm Neódair iseadh “eadh.”

59. *Forainm Remhfhoclach,* 'sé sin Remhfhocal agus Forainm ar ceangal dá chéile: ag + me > agam.

Sidiad iad:

Uathadh.					Iolradh.		
Remh- fhocal.	1 Pearsa.	2 Pearsa.	F 3 Pearsa.	B 3 Pearsa.	1 Pearsa.	2 Pearsa.	3 Pearsa.
ag ar	agam orm	agat ort	aige air	aici uirthi	againn orainn	agaibh oraibh	aca ortha
do	(dam damh diom	duit	dó	di	dúinn	díbh	dóibh
de	liom	díot	de	di	dinn	díbh	díobh
le	uaim	leat	leis	léi	linn	libh	leo (tha)
ó	chugham	uaít	uaidh	uaithi	uainn	uaibh	uatha
chun	romham	chughat	chuige	chúichi	chughainn	chughaibh	chúcha
roimh	romham	romhat	roimhe	roimpi	romhainn	romhaibh	rómpa
as	asam	asat	as	aisti	asainn	asaibh	asta
i, in	ionnam	ionnat	ann	innti	ionainn	ionnaibh	ionnta
fá, fé, faoi	fúm	fút	fé, faoi	fúithi	fúinn	fuibh	fútha
un	umam	umat	uime	uimpi	umainn	umaibh	úmpa
tre	triom	tríot	tríd	tríthi	trínn	tríbh	tríotha
tar (thar)	(tharm thorm	thart	thairis	tháirsi	(tharainn thorainn	tharaibh thoraibh	thársa thórsa
idir	eadam	eadrat	idir é	idir í	eadrainn	eadraibh	eatortha

Is féidir an Barr Neartúcháin do chur le haon cheann aca san : agamsa, agatsa, &c.

60. *Forainm Gaolmhar.* Níl aon Fhorainm Ghaolmhar dhúchas sa Ghaedhlig ach míreanna agus mionfhocail 'n-a mbíonn feidhm an Ghaolmhair ortha. Sidiad iad: *a, do, go, ghá, n-a, ar, 'nur, gur, agus an diúltach nach, nár.*

A ngnáthamh:

Sidé an fear *a* bhuaidhfídh (bhuaidfeas).

An té a bhíonn (bhíos) amuigh fuarann a chuid.

An té ná beidh láidir ní fuláir dó bheith glic.

" An fear *go* ('n-a) bhfuil a mhac breóite. "

Airmhlotar n-a nGaolmhara Comhshuite *a* (ar), gach *a*, pé, (gibé, cibé):

a dtiocfaidh 'sa dtáinig.

gach *a* bhfuil ann díobh.

pé hí féin.

61. *Forainm Tespeántach, sé sin, Forainm chun tespeánta:* *so* (sid), *seo*; *san, sin*; *súd, siúd*; an fhuirm leithleach (leis an gCopuil) *'o, 'eo, 'in, iúd*:

Bhí muinntir na tuaithe á rádh gur *bh'iúd* í suas í.

San sa mhíniú, deinean sé tagairt do chaint atá ráidhte; *so*, do chaint atá le teacht: ní ceart dó *san* a rádh; tá *so* sa scéal.

62. *Forainm Neamhchinnteach.* Sidiad iad: *cách, uile, éinne(ach).*

Ar tháinig éinne?

"Is maith é" arsa *cách*.

Gheobhaimid *uile* bás.

17/7/39

Graimear Saédilge
GRAIMÉAR GAEDHILGE.

63. *Forainm Riarthach* : gach aon, gach éinne, ceachtar, neachtar, neachtraca.

Bhí fhios ag gach aon (éinne).

Is beag orm ceachtar den bheirt.

“Níor bhfearra liom neachtraca, ná mo phágh i n-aghaidh 'n lae.”

64. *Forainm Fiafruitheach* : cia (cé); ciaca; cad, créad, cadé.

A ngnáthamh :

Cia hé sin?

Cia gheobhaidh é?

Cia leis go labharfad?

Cia leis an bád?

Cad é sin?

Cad do bhí air?

Cadé an ainm atá air?

Ciaca a b'aoirde?

Cad chuige dhó imtheacht?

Airmhíotar “a chéile” ar na Forainmneacha uaireannta. Tugann sé ciall imghníomhach don bhriathar :

Chífeam a chéile.

65.

AN BRIATHAR.

Briathar .i. Focal a chialluíonn gníomh.

Béiceann leanbh; do bhúir an tarbh; osclógha sé an dorus.

Graimear Gaedhilge.
GRAIMEAR GAEDHILGE.

41

Bid gnéithe fé leith ar Bhriathraibh:

1. *Briathar Bunúsach.* Sin préamh atá briathrach ó dhúchas: beir, rith, tar.
2. *Briathar Comhshuite.* Sin Briathar a deintar de róinn eile inscne: árdugh (árd); dathuighim (dath).
3. *Briathar Rialta.* Sin Briathar 'n-a ritheann aon phréamh amhain tríd an Réimniú air: cuirim, chuir-eas, cuirfead, cur.
4. *Briathar Neamhrialta.* Sin Briathar nach mór breis agus préamh amháin dá réimniú: téighim; chua-dhas: raghad: dul.
5. *Briathar Aistreach.* Sin Briathar n-a ngabann a ghníomh ón Ainmnidhe go dtí Cuspóir éigin: do bhuail Tomás an gadhar.
6. *Briathar Neamhaistreach.* Sin briathar ná gabhann Cuspóir leis: Tháinig an fhearthainn.

66. *Réimniú: an deilbh atharrúcháin a ghabhann an Briathar chuige d'fhonn Modh agus Aimsir, Pearsa, agus Uimhir a chur i n-úil.*

Tá trí shaghas Réimniú sa Ghaedhilg:

1. *An Scartha,* mar a mbíonn an tAinmnidhe (Ainm nó Forainm) ar scara ón mbriathar: Tiocfaidh Seán; d'ól sé an deoch.
2. *An Gabhtha,* mar a mbíonn an tAinmnidhe (Forainm) ar ceangal don Bhriathar: d'ólas é; bímid ag obair.
3. *An Saor,* mar a mbíonn an tAinmnidhe éigcinnteach: imeófar amáireach, do cuireadh an síol.

67. Trí **mhodh** sa Réimniú: an **tÓrduitheach** agus an **Táscach** agus an **Foshuiteach**.

Aimsir Amháin atá ag an Órduitheach, an Aimsir Láithreach: Tar i leith.

Chúig Aimsir ag an Modh Tásach: an **Láithreach**, an **Caitte**, an **gnáthchaitte**, an **Fáisteanach** agus an **Coiníollach** (Forfháisteanach). *Dhá aimsir* ag an bhFoshuiteach, an **Láithreach** agus an **Caitte**.

68. *Dhá Fhaoidh* ag an mBriathar, an **Fhaoidh Ghníomhach** agus an **Fhaoidh Chéasta**.

69. Rud iseadh Aimsir a bhíonn ag imtheacht i gcomhnú Ní bhíonn stad air. Mar sin, is 'mó cuma n-ar bhféidir féachaint air agus é mheas i gcúrsaí Briathair. Is féidir tagairt do ghníomh an Bhriathair do thuitim amach age puínte áirithe aimsire nó díreach roim puínte áirithe aimsire, nó díreach taréis puínte áirithe aimsire. Nó, is féidir tagairt d'aon phuínte aca-san le fíor-chruinreas. Nó is féidir dath na gnáthaighe a chur sa ghníomh i bpuíntí aca.

Airmhíotar, mar sin, gnéithe áirithe ar gach aimsir.

Níl aon Aimsir Láithreach ceart ag aon Bhriathar sa Ghaedhilg ach amháin ag an mBriathar "Ta" agus begán Briathair mar "measaim" &c., n-a dtugtar ciall Aimsir Láithreach dhóibh óna dtaithí. Ciall Aimsir ghnáthláithreach atá ag an gcuid eile.

70. *An Fhaoidh Ghníomhach. Aimsir Láithreach. An Chéad Phearsa. Gabhtha.*

1. *An Gnáthláithreach* .i. tagairt don ghníomh amháin: **buailim an bórd.**
2. *Firghníomhláithreach* .i. tagairt nísá chruinne don ghníomh: **deinim an bórd do bhualadh.**
3. *An Fíorláithreach* .i. tagairt don ghníomh ar siúbhal: **táim ag bualadh an bhúird.**
4. *An Fíorghnáthláithreach* .i. tagairt don ghníomh ar gnáthshiúbhal: **bím ag bualadh an bhúird.**
5. *An Fíorghaorláithreach* .i. tagairt don ghníomh ar tí a thuitim amach: **táim chun (ar tí) an bhúird do bhualadh.**

6. *An Gnáthghaorláithreach* .i. tagairt do ghnáthaí an ghnímh a bheith le tuitim amach : **bím chun (ar tí) an bhúird do bhualadh.**
7. *An Fíorlánláithreach* .i. tagairt don ghníomh a bheith díreach comhlíonta : **táim taréis an bhúird do bhualadh.**
8. *An Gnáthlánláithreach* .i. tagairt do ghnáthaí an ghnímh a bheith díreach comhlíonta : **bím taréis an bhúird do bhualadh.**

71.

An Gníomhach, Saor.

1. *Gníomhláithreach* : **buailtar an bórd.**
2. *Fíorghníomhláithreach* : **deintar an bórd do bhualadh.**
3. *Fíorláithreach* : **táthar ag bualadh an bhúird.**
4. *Fíorghnáthláithreach* : **bítar ag bualadh an bhúird.**
5. *Fíorghaorláithreach* : **táthar chun an bhúird do bhualadh.**
6. *Gnáthghaorláithreach* : **bítar chun an bhúird do bhualadh.**
7. *Fíorlánláithreach* : **táthar taréis an bhúird do bhualadh.**
8. *Gnáthlánláithreach* : **bítar taréis an bhúird do bhualadh.**

72.

An Céasta, Saor.

1. *Gníomhláithreach* : **buailtar.**
2. *Fíorghníomhláithreach* : **deintar bualadh.**
3. *Fíorláithreach* : **táthar fé bhualadh.**
4. *Fíorghnáthláithreach* : **bítar fé bhualadh.**
5. *Fíorghaorláithreach* : **bítar chun (ar tí) bheith buailte.**
6. *Gnáthghaorláithreach* : **táthar (ar tí) chun bheith buailte.**
7. *Fíorlánláithreach* : **táthar taréis bheith buailte.**
8. *Gnáthlánláithreach* : **bítar taréis bheith buailte.**

73. *Aimsir Chaitte. Gníomhach. Gabhtha.*

1. *An Caitte* : [do] bhuaileas an bórd.
2. *Firghníomhchaitte* : „ dheineas an bórd do bhualadh.
3. *Gnáthchaitte* : „ bhuailinn an bórd.
4. *Gnáthghníomhchaitte* : „ dheininn an bórd do bhualadh.
5. *Fíorchaitte* : „ bhíos ag bualadh an bhúird.
6. *Fíorghnáthchaitte* : „ bhínn ag bualadh an bhúird.
7. *Fíorghaorchaitte* : „ bhíos chun (ar tí) an bhúird do bhualadh.
8. *Gnáthghaorchaitte* : „ bhínn chun (ar tí) an bhúird do bhualadh.
9. *Fíorlánchaitte* : „ bhíos taréis an bhúird do bhualadh.
10. *Gnáthlánchaitte* : „ bhínn taréis an bhúird do bhualadh.

74. *An Gníomhach. Saor.*

1. *An Caitte* : [do] buaileadh an bórd.
2. *Firghníomhchaitte* : „ deineadh an bórd do bhualadh.
3. *Gnáthchaitte* : „ buailtí an bórd.
4. *Gnáthghníomhchaitte* : „ deintí an bórd do bhualadh.
5. *Fíorchaitte* : „ bhíthas ag bualadh an bhúird.
6. *Fíorghnáthchaitte* : „ bhítí ag bualadh an bhúird.
7. *Fíorghaorchaitte* : „ bhíthas chun (ar tí) an bhúird do bhualadh.
8. *Gnáthghaorchaitte* : „ bhítí chun (ar tí) an bhúird do bhualadh.
9. *Fíorlánchaitte* : „ bhíthas taréis an bhúird do bhualadh.
10. *Gnáthlánchaitte* : „ bhítí taréis an bhúird do bhualadh.

75.

An Céasta. 1, Uath.

1. *An Caitte* : [do] buaileadh liom (agam) an
bórd.
2. *Firghníomhchaitte* : „ deineadh liom (agam) an bórd
do bhualadh.
3. *Gnáthchaitte* : „ buailtí liom (agam) an bórd.
4. *Gnáthghníomhchaitte* : „ deintí liom (agam) an bórd do
bhualadh.
5. *Fiorchaitte* : „ bhí an bórd á bhualadh agam
(liom).
6. *Fiorghnáthchaitte* : „ bhíodh an bórd á bhualadh
agam (liom).
7. *Fiorghaorchaitte* : „ bhí an bórd chun (ar tí) a
bhualte agam (liom).
8. *Gnáthghaorchaitte* : „ bhíodh an bórd chun (ar tí) a
bhualte agam (liom).
9. *Fiorlánchaitte* : „ bhi an bórd taréis a bhualte
agam (liom)
10. *Gnáthlánchaitte* : „ bhíodh an bord taréis a
bhualte agam (liom)

76.

An Céasta. Saor.

1. *An Caitte* : [do] do buaileadh.
2. *Firghníomhchaitte* : „ deineadh bualadh.
3. *Gnáthchaitte* : „ buailtí.
4. *Gnáthghníomhchaitte* : „ deintí bualadh.
5. *Fiorchaitte* : „ bhítheas fé bhualadh.
6. *Fiorghnáthchaitte* : „ bhítí fé bhualadh.
7. *Fiorghaorchaitte* : „ bhitheas chun (ar tí) bheith
buailte.
8. *Gnáthghaorchaitte* : „ bhítí chun bheith buailte.
9. *Fiorlánchaitte* : „ bhítheas taréis bheith buailte.
10. *Gnáthlánchaitte* : „ bhítí taréis bheith buailte.

77. Ní bhaineann dath na gnáthaí leis an bhFáistineach ná leis an gCoiníollach, agus dá réir sin ní áirmhíotar dóibh sin ach chúig gné :

An Fáistineach, Gníomhach, Gabhtha.

- | | | |
|----------------------------|---|---|
| 1. <i>An Fáistineach</i> | : | buailfead an bórd. |
| 2. <i>Firghíomhfháist.</i> | : | déanfad an bórd do bhualadh. |
| 3. <i>Fíorfháistineach</i> | : | bead ag bualadh an bhúird. |
| 4. <i>Fíorghaorfháist.</i> | : | bead chun (ar tí) an bhúird do
bhualadh. |
| 5. <i>Fíorlánfháist.</i> | : | bead taréis an bhúird do bhualadh. |

78.

Gníomhach. Saor.

- | | | |
|----------------------------|---|---|
| 1. <i>An Fáistineach</i> | : | buailfar an bórd. |
| 2. <i>Firghíomhfháist.</i> | : | déanfar an bórd do bhualadh. |
| 3. <i>Fíorfháistineach</i> | : | beifar ag bualadh an bhúird. |
| 4. <i>Fíorghaorfháist.</i> | : | beifar chun (ar tí) an bhúird do
bhualadh. |
| 5. <i>Fíorlánfháist.</i> | : | beifar taréis an bhúird do
bhualadh. |

79.

An Céasta. 1, Uath.

- | | | |
|----------------------------|---|--|
| 1. <i>An Fáistineach</i> | : | buailfar liom an bórd. |
| 2. <i>Firghíomhfháist.</i> | : | déanfar liom an bórd do bhua-
ladh. |
| 3. <i>Fíorfháistineach</i> | : | beidh an bórd á bhualadh liom
(agam). |
| 4. <i>Fíorghaorfháist.</i> | : | beidh an bórd chun (ar tí) a
bhualte agam (liom). |
| 5. <i>Fíorlánfháist.</i> | : | beidh an bórd taréis a bhualte
agam (liom). |

80.

An Céasta. Saor.

- | | |
|----------------------------|--------------------------------------|
| 1. <i>An Fáistineach</i> | : buailiar. |
| 2. <i>Firghíomhfháist.</i> | : déanfar bualadh. |
| 3. <i>Fíorfháistineach</i> | : befar fé bhualadh. |
| 4. <i>Fíorghaorfháist.</i> | : befar chun (ar tí) bheith buailte. |
| 5. <i>Fíorlánfháist.</i> | : befar taréis bheith buailte. |

81.

An Cointíollach, Gníomhach, Gabhtha.

- | | |
|-----------------------------|---|
| 1. <i>An Cointíollach</i> | : [do] bhuaifinn an bórd. |
| 2. <i>Firghníomhchoin.</i> | : dhéanfaínn an bórd do bhualadh. |
| 3. <i>Fíorchointíollach</i> | : bheinn ag bualadh an bhúird. |
| 4. <i>Fíorghaorchoin.</i> | : bheinn chun (ar tí) an bhúird do
bhualadh. |
| 5. <i>Fíorlánchoin.</i> | : bheinn taréis an bhúird do
bhualadh. |

82.

An Gníomhach. Saor.

- | | |
|-----------------------------|---|
| 1. <i>An Cointíollach</i> | : [do] buailfí an bórd. |
| 2. <i>Firghníomhchoin.</i> | : dhéanfaí an bórd do bhualadh. |
| 3. <i>Fíorchointíollach</i> | : bheifí ag bualadh an bhúird. |
| 4. <i>Fíorghaorchoin.</i> | : bheifí chun (ar tí) an bhúird do
bhualadh. |
| 5. <i>Fíorlánchoin.</i> | : bheifí taréis an bhúird do
bhualadh. |

83.

An Céasta. Gabhtha.

- | | |
|-----------------------------|---|
| 1. <i>An Cointíollach</i> | : [do] buailfí liom an bórd. |
| 2. <i>Firghníomhchoin.</i> | : dhéanfaí liom an bórd do bhualadh. |
| 3. <i>Fíorchointíollach</i> | : bheadh an bórd á bhualadh agam
(liom). |
| 4. <i>Fíorghaorchoin.</i> | : bheadh an bórd chun (ar tí) a
bhuaile agam (liom). |
| 5. <i>Fíorlánchoin.</i> | : bheadh an bórd taréis a bhuaile
agam (liom). |

84.

An Céasta. Saor.

1. *An Cointollach* : [do] buailfí.
2. *Firghníomhchoin.* : dhéanfaí bualadh.
3. *Fíorchoiníollach* : bheifí fé bhualadh.
4. *Fíorghaorchoin.* : bheifí chun (ar tí) bheith buailte.
5. *Fíorlánchoin.* : bheifí taréis bheith buailte.

85.

An Módh Órduitheach. An Dara Pearsa.

1. *Fíorórduitheach* : buail an bórd.
2. *Fíorghníomhórd.* : dein an bórd do bhualadh.
3. *Gnáthórduitheach* : bí ag bualadh an bhúird.
4. *Fíorghaorórd.* : bí ar tí (chun) an bhúird do bhualadh.
5. *Fíorlánórd.* : bí taréis an bhúird do bhualadh.

86.

Gníomhach. Saor.

1. *Fíorórduitheach* : buailtar an bórd.
2. *Fíorghníomhórd.* : deintar an bórd do bhualadh.
3. *Gnáthórduitheach* : bítar ag bualadh an bhúird.
4. *Fíorghaorórd.* : bítar ar tí an bhúird do bhualadh.
5. *Fíorlánórd.* : bítar taréis an bhúird do bhualadh.

87.

Céasta. Gabhtha.

1. *Fíorórduitheach* : buailtar leat an bórd.
2. *Fíorghníomhórd.* : deintar leat an bórd do bhualadh.
3. *Gnáthórduitheach* : bíodh an bórd á bhualadh agat.
4. *Fíorghaorórd.* : bíodh an bórd ar tí a bhualte agat.
5. *Fíorlánórd.* : bíodh an bórd taréis a bhualte agat.

88.

An Céasta. Saor.

1. *Fíorórduitheach* : buailtar.
2. *Fíorghníomhórd.* : deintar bualadh.
3. *Gnáthórduitheach* : bítar fé bhualadh.
4. *Fíorghaorórd.* : bítar ar tí bheith buailte.
5. *Fíorlánórd.* : bítar taréis bheith buailte.

89.

*An Módh Foshuíteach.**(An Láithreach. Gníomhach. Gabhtha. 1 Uath.)*

Deich ngné ar an Aimsir Láithreach; a cúig *Foshuíteach*, agus a cúig *Guidhtheach*.

1. *Fíorláithreach* : . . . go mbuailead an bórd.
2. *Fíorláithreach, Guidh.* : Go mbuailead an bórd.
3. *Fíorghníomhláithreach* : . . . go ndeinead an bórd do bhualadh.
4. *Fíorghníomhláith.,*
 Guidh. : Go ndeinead an bórd do bhualadh.
5. *Gnáthláithreach* : . . . go mbead ag bualadh an bhúird.
6. *Gnáthláithreach,*
 Guidh. : Go rabhad ag bualadh an bhúird.
7. *Fíorghaorláithreach* : . . . go mbead chun (ar tí) an bhúird do bhualadh.
8. *Fíorghaorláith, Guidh.* : Go rabhad chun (ar tí) an bhúird do bhualadh.
9. *Fíorlánláithreach* : . . . go mbead taréis an bhúird do bhualadh.
10. *Fíorlánláith., Guidh.* : Go rabhad taréis an bhúird do bhualadh.

90.

An Gníomhach. Saor.

1. *Fíorláithreach* : . . . go mbuailtar an bórd.
2. *Fíorláithreach, Guidh.* : Go mbuailtar an bórd.
3. *Fíorghníomhláithreach* : . . . go ndeintar an bórd do
bhualadh.
4. *Fíorghníomhláith.,*
Guidh. : Go ndeintar an bórd do bhualadh.
5. *Gnáthláithreach* : . . . go mbethar (mbefar) ag
bualadh an bhúird.
6. *Gnáthláithreach,*
Guidh. : Go rabhthar ag bualadh an
bhúird.
7. *Fíorghaorláithreach* : . . . go mbethar (mbefar) ar tí
(chun) an bhúird do bhualadh.
8. *Fíorghaorláith, Guidh.* : Go rabhthar ar tí (chun) an bhúird
do bualadh.
9. *Fíorlánláithreach* : . . . go mbeithar (mbefar) taréis
an bhúird do bhualadh.
10. *Fíorlánláith., Guidh.* : Go rabhthar taréis an bhúird do
bhualadh.

91.

An Céasta. 1, Uath.

1. *Fíorláithreach* : . . . go mbuailtar liom (agam)
an bórd.
2. *Fíorláith., Guidh.* : Go mbuailtar liom (agam) an
bórd.
3. *Fíorghníomhláith.* : . . . go ndeintar liom an bórd do
bhualadh.
4. *Fíorghníomhláith.,*
Guidh. : Go ndeintar liom an bórd do
bhualadh.
5. *Gnáthláithreach* : . . . go mbeidh an bórd á bhua-
ladh agam (liom).
6. *Gnáthláithreach,*
Guidh. : Go raibh an bórd á bhualadh
agam (liom).
7. *Fíorghaorláithreach* : . . . go mbeidh an bórd ar tí
(chun) a bhualte agam (liom).

8. *Fiorghaorláith, Guidh.* : Go raibh an bórd ar tí (chun) a
bhualte agam (liom).
9. *Fiorlánláithreach* : . . . go mbeidh an bórd taréis
a bhualte agam (liom).
10. *Fiorlánláith., Guidh.* : Go raibh an bórd taréis a bhualte
agam (liom).

92.

Céasta. Sacr.

1. *Fiorláithreach* : . . . go mbuailtar.
2. *Fiorláith., Guidh.* : Go mbuailtar
3. *Firghníomláith.* : . . . go ndeintar bualadh.
4. *Firghníomhláith.,*
Guidh. : Go ndeintar bualadh.
5. *Gnáthláithreach* : . . . go mbeithar (mbeifar) fé
bhualadh.
6. *Gnáthláithreach,*
Guidh. : Go rabhthar fé bhualadh.
7. *Fiorghaorláithreach* : . . . go mbeithar ar tí bheith
buailte.
8. *Fiorghaorláith, Guidh.* : Go rabhthar ar tí bheith buailte.
9. *Fiorlánláithreach* : . . . go mbeithar taréis bheith
buailte.
10. *Fiorlánláith., Guidh.* : Go rabhthar taréis bheith buailte.

93.

*Aimsir chaitte (chúig gné).**An gníomhach gabhtha.*

1. *Fíorchaitte* : . . . go mbuailinn an bórd.
2. *Firghníomhchaitte* : . . . go ndeininn an bórd do
bhualadh.
3. *Gnáthchaitte* : . . . go mbeinn ag bualadh an
bhúird.
4. *Fiorghaorchaitte* : . . . go mbeinn ar tí an bhúird
do bhualadh.
5. *Fiorlánchaitte* : . . . go mbeinn taréis an bhúird
do bhualadh.

94.

An Gníomhach. Saor.

1. *Fíorchaitte* : . . . go mbuailtí an bórd.
2. *Fíorghníomhchaitte* : . . . go ndeintí an bórd do
bhualadh.
3. *Gnáthchaitte* : . . . go mbeithí (mbeifi, rabhthaí)
ag bualadh an bhúird.
4. *Fíorghaorchaitte* : . . . go mbeithí (rabhthaí) ar tí
an bhúird do bhualadh.
5. *Fíorlánchaitte* : . . . go mbeithí (rabhthaí) taréis
an bhúird do bhualadh.

95.

An Céasta.

1. *Fíorchaitte* : . . . go mbuailtí liom (agam) an
bórd.
2. *Fíorghníomhchaitte* : . . . go ndeintí liom an bórd do
bhualadh.
3. *Gnáthchaitte* : . . . go mbeadh an bórd á
bhualadh agam (liom).
4. *Fíorghaorchaitte* : . . . go mbeadh an bórd ar tí a
bhualte agam (liom).
5. *Fíorlánchaitte* : . . . go mbeadh an bórd taréis a
bhualte agam (liom).

96.

An Céasta. Saor.

1. *Fíorchaitte* : . . . go mbuailtí.
2. *Fíorghníomhchaitte* : . . . go ndeintí bualadh.
3. *Gnáthchaitte* : . . . go mbeithí (rabhthaí) fé
bhualadh.
4. *Fíorghaorchaitte* : . . . go mbeithí ar tí bheith
bualte.
5. *Fíorlánchaitte* : . . . go mbeithí taréis bheith
bualte.

97.

Deilbh an Réimniúcháin.

Trí shaghas Réimniúcháin atá ann, mar is eól dúinn .i. an *Gabhtha*, agus an *Scartha* agus an *Saor*. An *Tríú Pearsa*, *Uathadh den Réim Ghabhtha*, is ionann crut dó agus don *Réim Scartha*. Dá bhrígh sin, ní gádh deilbh fé leith do cheapa dhon *Réim Scartha*. Sa *Réim shaor*, ní bhíonn ach leagan amháin den Bhriathar ann idir *Uathadh* agus *Iolraidh*.

Bíd Fuirmeacha fé leith ar an mBriathar i gcóir gach Modha, mar seo :

I. An Módh Órduitheach, dhá fhuirm :

1. *An Neamhspleách* i dtosach abairte : **buail, imthigh** (2 Uath.) Is air sin a tugtar *Préamh an Bhriathair*, mar is uaidh a dealbhuíotar gach aon chuid eile dhen Bhriathar.
2. *An Diúltach* : **Ná buail, ná himthigh.**

II. An Módh Táscach, seacht bhfuirmeacha :

1. *An Neamhspleách* i dtosach abairte, agus gan riar ag aon abairt eile air : **léighfead** an leabhar; **do mholas** go mor é.
2. *An Spleách*, de chionn é bheith fé smacht ag abairt eile; is dócha **gur tháinig** sé aréir.
3. *An Diúltach*, chun diúltuithe : **ní fheicim** ann é.
4. *An Spleách Diúltach*, .i. diúltú sa bhFuirm *Spleáigh* : is dócha **nár tháinig** sé fós.
5. *An Fiafruitheach*, chun ceiste a chur : **An gcaith-fimid** é dhéanamh?
6. *An Fiafruitheach Diúltach*, chun ceist do chur sa bhFuirm *Dhiúltaigh* : **Ná feiceann tú é?**
7. *An Gaolmhar*, nuair a bhíonn an Briathar ag faisnéis ar ainm i n-abairt eile : an fear **a tháinig** aréir.

III. An Módh Foshuíteach : Dhá fhuirm :

1. *An Spleách* : Blonn an Foshuíteach spleách i gcomhnuí. Isé a nádúir é : Fan annso **go dtaga** se.
2. *An Diúltach* .i. diúltach ar an spleách : **Nár fhaghadsa** bás go bhfeicfead e.

98. Sa Réimniú bíd errbaill na bhfocal caol nó leathan do réir mar bhíonn an phréamh caol nó leathan :

ceil : ceil-**im**, cheil-**eas**, ceil-**fead**, &c.

mol : mol-**aim**, mhol-**as**, mol-**fad**, &c.

Ní leantar den riail sin i gcomhnuí, ámhthach, nuair a thosnónn an t-errball ar chonsoin : ceil**fead** : ceil**fad**; dhún**fainn** : dhún**finn**; ceil**tear** : ceil**tar**; do mol**taí** : do mol**tí**.

99.

X An Modh Órduitheach.

Ceil : (a) *Neamhspleách*.

Uimh. Uath.

Uimh. Iol.

- | | | |
|------------------------------|----------------|----------------------------|
| 1. <i>An chéad phearsa</i> : | <u>ceil-im</u> | ceil-eam, <u>ceilimís.</u> |
| 2. <i>An dara phearsa</i> : | ceil | ceil-idh. |
| 3. <i>An tríú phearsa</i> : | ceil-eadh sé | ceil-idís. |

(b.) *An Réim Saor* : ceil**tear**.

(c.) *An Fhuirm Dhiúltach* : ná ceil, &c.

100.

X An Modh Tascach.

Aimsir Láithreach (a) *Neamhspleách*.

Uimh. Uath.

Uimh. Iol.

- | | | |
|------------------------------|-----------------|----------------------|
| 1. <i>An chéad phearsa</i> : | ceil- im | ceil-imíd. |
| 2. <i>An dara phearsa</i> : | ceil- ir | ceil-tí, -eann sibh. |
| 3. <i>An tríú phearsa</i> : | ceil-eann sé | ceil-id. |

- (b) *An Réim Saor* : ceil-tear
(c) *An Fhuirm Spleách* : go gceil-im, &c.
(d) *An Fhuirm Dhiúltach* : ní cheil-im, &c.
(e) *An Fhuirm Spleách Dhiúltach* : is fíor ná ceil-im, &c.
(f) *An Fhuirm Fhiafruitheach* : an gceil-im, &c.? [10]
(g) *An Fhuirm Fhiafruitheach*
dhiúltach : ná ceil-im, &c.? [11]
(h) *An Fhuirm Ghaolmhar* : a cheil-im, -ir, -eas, &c.

101. Aimsir Chaitte : (a) *Neamhspleách.*

Uath.

Iol.

- | | | |
|---------------------------|---|---------------------------------|
| 1. [do] cheil-eas | : | [do] cheil-eamair. |
| 2. „ cheil-is | : | „ cheil-eabhair (-iúir). |
| 3. „ cheil sé | : | „ cheil-eadar. |
| | | |
| (b.) An Saor | : | [do] ceil-eadh. |
| (c.) An Spleách | : | gur cheil-eas, -lis, &c. |
| (d.) An Diúltach | : | níor cheil-eas, -lis, &c. |
| (e.) Spleách, Diúlt. | : | nár cheil-eas, &c. |
| (f.) Fiafruitheach | : | ar cheil-eas, -lis, &c. |
| (g.) Fiafruitheach, Diúlt | : | nár cheil-eas, -lis, &c. |
| (h.) An Gaolmhar | : | an fear a <u>cheileas</u> , &c. |

102. An Aimsir Ghnáthchaitte : (a) *Neamhspleách* :

Uath.

Iol.

1. [do] cheil-**inn**. : [do] cheil-**imís**.
 2. „ cheil-**theá** : „ cheil-**eadh** sibh.
 3. „ cheil-**eadh** sé : „ cheil-**idis**.
 (b.) *An Saor* : do ceil-**tí**.
 (c.) *An Spleách* : go gceil-**inn, -ltheá, &c.**
 (d.) *An Diúltach* : ní cheil-**inn, -ltheá, &c.**
 (e.) *An Spleách Diúlt.* : ná ceil-**inn, -ltheá, &c.**
 (f.) *An Fiafruitheach* : an gceil-**inn, ltheá, &c.**
 (g.) *An Fiaf. Diúltach* : ná ceil-**inn, lthea, &c.**
 (h.) *An Gaolmhar* : an dream a cheil-**inn, &c.**

103. An Aimsir Fháistineach : (a) *Neamhspleách* :

Uath.

Iol.

- | | | |
|------------------------|---|-------------------|
| 1. Ceil-fead | : | ceil-fam, -fimid. |
| 2. Ceil-fir | : | ceil-fe sibh. |
| 3. Ceil-fe, sé, -lfidh | : | ceil-fid. |

[**Ceilfe**, an Scartha le Forainm : **ceilfidh** an Scartha le hAinm.]

- | | | |
|-------------------------------|---|---------------------------|
| (b.) <i>An Saor</i> | : | ceil-far (-lfear). |
| (c.) <i>An Spleách</i> | : | go gceil-fead, -lfir, &c. |
| (d.) <i>An Diúltach</i> | : | ní ceil-fead, -lfir, &c. |
| (e.) <i>An Spleách Diúlt.</i> | : | ná ceil-fead, -lfir, &c. |
| (f.) <i>An Fiafruitheach</i> | : | an gceil-fead, -lfir, &c. |
| (g.) <i>An Fiaf. Diúltach</i> | : | ná ceil-fead, -lfir, &c. |
| (h.) <i>An Gaolmhar</i> | : | is minic a ceil-fead, &c. |

104. An Coiníollach : (a) *Neamhspleách*.

Uath.

Iol.

- | | | |
|---------------------|---|---------------------|
| 1. [do] cheil-finn | : | [do] cheil-fimís. |
| 2. „ cheil-fá | : | „ cheil-feadh sibh. |
| 3. „ cheil-feadh sé | : | „ cheil-fidís. |
-
- | | | |
|-------------------------------|---|-------------------------------|
| (b.) <i>An Saor</i> | : | do ceil-fí (-fidhe). |
| (c.) <i>An Spleách</i> | : | go gceil-finn, -lfá, &c. |
| (d.) <i>An Diúltach</i> | : | ní cheil-finn, -lfá, &c. |
| (e.) <i>An Spleách Diúlt.</i> | : | ná ceil-finn, -lfá, &c. |
| (f.) <i>An Fiafruitheach</i> | : | an gceil-finn, -lfá, &c. |
| (g.) <i>An Fiaf. Diúltach</i> | : | ná ceil-finn, -lfá, &c. |
| (h.) <i>An Gaolmhar</i> | : | is daingean a cheil-finn, &c. |

105.

An Módh Foshuíteach.*Aimsir Láithreach : (a) spleách.**Uath.**Iol.*

- | | | |
|-------------------------------|---|-----------------------------|
| 1. . . . go gceil-ead | : | . . . go gceil-eam, -limíd. |
| 2. . . . go gceil-ir | : | . . . go gceil-e sibh. |
| 3. . . . go gceil-e sé, -lidh | : | . . . go g-ceil-id. |

106.

An Ainm Briathra : Ceilt, gein, ceilte.

Is féidir feidhm a bhaint as an Ainm Briathra, féibh mar a bainfi as aon tsagas Ainm eile. Gabhann sé díochlaona chuige mar seo :

*An Tuiseal Ainmneach : Is olc ceilt na fírinne.**An Geiniúnach : fear ceilte na fírinne.**An Tabhartach : Is olc an rud an fhírinne do cheilt.*

107. Is gnáthaí mar a chéile an *Aidiacht Bhriathra* (an *Rannghabháil Chaitte*) agus *Geiniúnach* an Ainm *Bhriathra* :

ceilt : *gein.*, agus *Aid. Briath*, **ceilte**.**bualadh** : *gein. agus Aid. Br.*, **buailte**.**moladh** : *gein, agus Aid. Br.*, **molta**.

Ach tá Ainmneacha Briathra ann go mbíonn *firgheiniúnach* aca chomh maith leis an *Aidiacht Bhriathra* :

*Ainm.**Gein.**Aid. Br.***gabháil****gabhála****gabhtha****rith****reatha****riththe****siúbhal****siúbhail****siúbhalta**

FíorRannghabháil iseadh an *Aidiacht Bhriathra* sa chás san.

Ní haon deire amháin a bhíonn ar na hAinmneacha Briathra.
Bíonn deire fé leith do gach aicme dhíobh :

1. -adh	:	<u>dún</u>	:	Ain. Br. dúnadh	<i>osc luy</i>
		<u>mol</u>	:	moladh	
		<u>buail</u>	:	bualadh	
		<u>sgaoil</u>	:	sgaoileadh	
		<u>arduigh</u>	:	ardú(ghadh)	
		<u>ísligh</u>	:	isliú(ghadh)	
2. -amh	:	<u>dein</u>	:	déanamh	
		<u>caith</u>	:	caitheamh	
		<u>seas</u>	:	seasamh	
3. -áil	:	<u>gabh</u>	:	gabháil	
		<u>fagh</u>	:	fagháil	
4. -amhain(t)	:	<u>fan</u>	:	fanúint (-amhaint)	
		oil	:	oilíúint (-amhaint)	
5. -e	:	<u>eirigh</u>	:	eirighe	
		<u>luigh</u>	:	luighe	
6. -ean, -an	:	<u>teilg</u>	:	teilgean	
		<u>leig</u>	:	leigean	
		coisrig	:	coisreagan	
7. -im	:	druid	:	druidim	
		tuit	:	tuitim	
8. -(e)acht	:	gluais	:	gluaiseacht	
		<u>éist</u>	:	éisteacht	
9. -ódh	:	<u>éaluigh</u>	:	éalódh	
		iompugh	:	iompódh (-páil)	
10. -ach	:	réitigh	:	réiteach	
		cnuasaigh	:	cnuasach	
11. -ain(t), -int	:	<u>féach</u>	:	féachaint	
		clois	:	cloisint	
12. -sin, -sint	:	tairg	:	tairgsin	
		feic	:	feicsint (feiscint)	
13. -thin(t), -thain(t)	:	<u>fóir</u>	:	fóirthin	
		fear	:	fearthain	
		mair	:	marthain (maire- achtain)	

14. -u ^{ol}	:	fead	:	feadu ^{ol}
		sceamh	:	sceamhu ^{ol}
15. -t	:	roinn	:	roinnt
		tabhair	:	tabhairt
16. deire leathan	:	goil	:	gol
		scur	:	scur
		fás	:	fás

An 't' atá san errball ar an *Rannghabháil*, bíonn séimhiú air, ach amháin an uair a chríochníonn an *Phréamh* ar d, n, t, l, s, th, dh, ch (agus gh i mBriathraibh éintsiollaibh).

Baintar feidhm as an *Rannghabháil* sin chun naoi bhFoirbhteacha comhshuite a dhéanamh :

1. *An Foirbhteach Láithreach* : táim tagaithe, &c.
2. *An Foirbhteach Gnáthláithreach* : bím tagaithe, &c.
3. *An Rófhoirbhteach* : bhíos tagaithe, &c.
4. *An Rófhoirbhteach Gnáthch.* : bhinn tagaithe, &c.
5. *An Foirbhteach Fáistineach* : bead tagaithe, &c.
6. *An Foirbhteach Cointollach* : bheinn tagaithe, &c.
7. *An Foirbhteach Foshuiteach*
Láithreach : . . . go mbead tagaithe,
Guidhteach : Go rabhad tagaithe.
8. *An Foirbhteach Foshuiteach*
Caitte : . . . go mbeinn tagaithe.
9. *An Foirbhteach Órduiteach* : bí tagaithe.

Agus feidhm eile dhó : mar adhbhar chomshuite : *ionmholta indéanta; sochlaote; dobhuaile.*

Is feidir iadsan a dhéanamh leis, tré Gheiniúnach an Ainm Bhriathra : *indéanta; sofhaghála; doghabhála.*

108.

Fáistineach -ó- (-eó).

Tá dhá aicme Bhriathar ann go mbíonn -ó- (eó) i dtosach an errbaill sa bhFáistineach aca, i n-ionad -f-:

- (1.) Briathra Comhshiúite ar -uigh, -igh agus.
- (2.) Briathra dhá shiollabh a chríochnuionn ar -il, -in, -ir, -ing, -ig, -is : ceannuigh, ceannóghad : coigil, coigileóghad (coigileód).

An Fáistineach (a) Neamhspleách.*Uathadh.*

1. ceannóghad : coigileód.
2. ceannóghair : coigileóir.
3. ceannógha sé, (-ghaidh) : coigileói sé (-leóidh).

Iolradh.

1. ceannógham (-ghaimid) : coigileóm (-leóimid).
2. ceannógha sibh : coigileói sibh.
3. ceannóghaid : coigileóid.

- (b) *An Saor* : ceannófar : coigileófar
 (c) *An Spleách* : go gceannóghad, &c. : go gcoigileód, &c.
 (d) *An Diúltach* : ní cheannóghad, &c. : ní choigileód, &c.
 (e) *An Spleách*
 Diúlt. : ná ceannóghad, &c. : ná coigileód, &c.
 (f) *An Fiafruiteach* : an gceannóghad, &c.? : an gcoigileód, &c.?
 (g) *An Fiafr. Diúlt.* : ná ceannóghad, &c.? : ná coigileód, &c.?
 (h) *An Gaolmhar* : a cheannóghad, &c. : a choigileód, &c.

109.

An Coiniollach (a) Neamhspleách.*Uathadh.*

1. [Do] cheannóghainn : [Do] choigileóinn
2. „ cheannóghthá, -ghfá : „ choigileófá
3. „ cheannóghadh sé : „ choigileódh sé

Iolradh.

1. [do] cheannóghaimís : [do] choigileóimís
2. „ cheannóghadh sibh : „ choigileódh sibh
3. „ cheannóghaidis „ choigileóidís

(b) *An Saor* : [do] cheannóghfai : [do] choigileófai
(-faidhe). (-faidhe).

(c) *An Spléach* : go gceannóghainn : go gcoigileóinn

(d) *An Diúltach* : ní cheannóghainn, &c. : ní choigileóinn, &c.

(e) *An Spléach*

Diúlt. : ná ceannóghainn, &c. : ná coigileóinn, &c.

(f) *An Fiafruitheach* : an gceannóghainn, &c. ? : an gcoigileóinn, &c. ?

(g) *An Fiafr. Diúlt.* : ná ceannóghainn, &c. ? : ná coigileóinn, &c. ?

(h) *An Gaolmhar* : a cheannóghainn, &c. : a choigileóinn, &c.

Uaireanta gheibhtar an Fáistineach -ó-, i mbriathraibh eile :
gluaiseód, do shiúbhloinn.

110. Briathra a chríochnuionn ar -igh, bhíodar *diúscarthach* (deponential) san tSeanGhaedhilg, agus Fáistineach -f-, a bhí aca : *soilsigidir*, 3. *uath*; *soilsigfer* (1. *uath*). Le linn an MheánGhaedhilg do chuathas a taithi na diúscarthachta, agus d'aistrigheadh ón bhFáisteanach -f-, go dtí an Fáistineach -é-.

Gnē ar an bhFáistineach dúblúcháin a b'eadh an Fáistineach -e- .i. dúblú ar chonsoin tosaigh an Bhriathair :

Láith., can- : *Fáist* 3. *uath.*, **cichn-*, > *cechn-aid*.

Láith., daím- : *Fáist* 3. *uath.*, **didm-*, > *didm-aid*.

Ag aithris ar sin do dhein :

Láith., ber- : *Fáist.*, **bib-r* > *bēr-*

Láith., √deir : *Fáist.*, √*dēr-*

Láith., do-gnī : *Fáist.*, *do-gēn.*

Mar sin tháinig -ē- sa bhFáistineach ón Annlaigh ina lán Bhriathar

Láith. scar- : Fáist. scēr-

Láith. gabh- : Fáist. gēbh-

Agus go háirithe i mBriathraibh Comhshulte

con-scar : Fáist. con-scēr-

tacair : Fáist. taicēr-

Gheibhmíd an nós san go líonmhar i dtosach ré na Nua-ghaedhilge :

cosain : Fáist. coiséan-ad.

díogail : Fáist. díghéalad.

coigil : Fáist. coigéalad.

Acht, an uair sin féin do bhí atharrú ag dul ar an -ē- .i. $\bar{e} > eó$.
Do thosnuigh san ar Bhriathraibh áirthe :

gēbhad > géabhad > geóbbhad.

Do ghaibh Briathra -uigh ar Annlaigh leis an nós san :

Isligh : Fáist., ísleóchad.

ceannuigh : Fáist., ceinneochad.

Bhí de líonmhaireacht san aicme sin gur leath an -ch- uathas-
san go dtí an aicme eile :

coiseónad > coisneóchad > cosnóchad.

coigeólad > coigleóchad.

coideólad > coidileóchad > codlóchad.

Bhíodar go léir ar aondul annsan, agus fé dheoidh do cail-
leadh an -ch- ionnta :

imtheóghad, árdóghad, cosnód, coigleód, &c.

Roinnt leithleachais: *innis* ; *inneósad*, agus *inneósainn*.

III.

BRIATHRA NEAMHRIALTA.

I. An Chopuil, Is.

Copuil iseadh “is,” ’sé sin, baintar feidhm as chun a chur i dtuiscint gurab ionann dhá rud éigin : is fear Seán

Tá *thrí ghné* air :

(1) **Is**, *an ghné éigcinnteach*. Ceangluíonn san le chéile dhá Ainm nó dhá Abairt éigcinnteacha :

Is sagart é.

Is ag dul abhaile atá sé.

(2) **Isé (isí)**, *an ghné chinnteach*. Ceangluíonn san dhá Ainm nó dhá Abairt chinnteacha :

Isé Seán an sagart.

Isé mo lá leóin é.

Isí Máire ár ndóchas.

(3) **Iseadh**, *an ghné neódair*. Baintar feidhm as chun focail áirithe i n-abairt a thabhairt fé aiceann speisialta, i dtosach na cainnte :

Do chodlas i gCorcaigh aréir :

i gCorcaigh **iseadh** chodlas aréir :

aréir **iseadh** chodlas i gCorcaigh.

Sean-neódar iseadh “eadh,” agus do baintí feidhm as riamh, chun tagairt a dhéanamh do chuid d’abairt.

Tá dhá mhodh ag an gCopuil : an Tásach agus an Foshuíteach. Ní ghabhann Óruitheach leis.

112.

An Láithreach. Táscach.

<i>Fuirmeacha.</i>	<i>Eigcinnteach.</i>	<i>Cinnteach.</i>	<i>Neódar.</i>
(a.) <i>An Neamh-</i> <i>spleách</i> :	<i>is</i>	<i>is é</i>	<i>: iseadh</i>
(b.) <i>An Spleách</i> :	<i>gur (nur),</i> <i>gurab, gurb</i>	<i>: gurabé</i> <i>(núrbé)</i>	<i>: gurabéadh</i>
(c.) <i>An Diúltach</i> :	<i>ní</i>	<i>: ní hé</i>	<i>: ní headh</i>
(d.) <i>An Spleách Diúlt.</i> :	<i>nach</i>	<i>: nach é</i>	<i>: nach eadh</i>
(e.) <i>An Fiafruitheach</i> :	<i>an?</i>	<i>: ané?</i>	<i>: aneadh?</i>
(f.) <i>An Fiafr. Diúlt.</i> :	<i>nach?</i>	<i>: nach é?</i>	<i>: nach eadh?</i>
(g.) <i>An Gaolmhar</i> :	<i>is</i>		

113.

Caitte agus Coiníollach. Táscach.

<i>Fuirmeacha.</i>	<i>Eigcinnteach.</i>	<i>Cinnteach.</i>	<i>Neódar.</i>
(a.) <i>An Neamh-</i> <i>spleách</i> :	<i>ba, badh</i>	<i>: b'é</i>	<i>: b'eadh</i>
(b.) <i>An Spleách</i> :	<i>gur (nur),</i> <i>gur bh'</i>	<i>: gur bh'é</i>	<i>: gur bh'eadh</i>
(c.) <i>An Diúltach</i> :	<i>níor, níor bh'</i>	<i>: níor bh'é</i>	<i>: níor bh'eadh</i>
(d.) <i>An Spleách Diúlt.</i> :	<i>nár, nár bh'</i>	<i>: nár bh'é</i>	<i>: nár bh'eadh</i>
(e.) <i>An Fiafruitheach</i> :	<i>ar?</i>	<i>: ar bh'é?</i>	<i>: ar bh'eadh?</i>
(f.) <i>An Fiafr. Diúlt.</i> :	<i>nár?</i>	<i>: nár bh'é?</i>	<i>: nár bh'eadh?</i>
(g.) <i>An Gaolmhar</i> :	<i>ba</i>		

115.

An Modh Foshuiteach. Láithreach.

115.

An Modh Foshuiteach. Láithreach.

<i>Fuirmeacha.</i>	<i>Eigcinnteach.</i>	<i>Cinnteach.</i>	<i>Neódar.</i>
(a.) <i>An Spleách</i> :	<i>gur, gurab,</i> <i>gomadh</i>	<i>: gurab é</i>	<i>: gurab eadh</i>
(b.) <i>An Diúltach</i> :	<i>nach, nár,</i> <i>narab</i>	<i>: nárab é</i>	<i>: narab eadh</i>
(c.) <i>An Spl. Guidh-</i> <i>theach</i> :	<i>gura, gurab</i>	<i>: gurab é</i>	<i>: gurab eadh</i>
(d.) <i>An Diúlt. Guidh.</i> :	<i>nára, narab</i>	<i>: narab é</i>	<i>: nárab eadh</i>

116.

An Caitte.

*Fuirmeacha.**Eigcinnteach.**Cinnteach.**Neódar.*

- (a.) *An Spleách* : gur, gur bh', : gur bh'é : gur bh'eadh
gomadh
- (b.) *An Diúltach* : nár, nár bh' : nár bh'é : nár bh'eadh

Ní ghabhann Réim Saor leis an gCopuil. Giorruíotar "is"
i ndiaidh fhocail a chríochnuíonn ar ghuta.

ó + is > ó's : ó's maith é is mithid é.

má + is > má's : má's maith é is mithid é.

117.

II. Táim.

Módh Órduitheach.

- (a.) *An Neamhspleách* : [bím], bí, bíodh sé, bímís, (bíom)
bídh, bídis.
- (b.) *An Diúltach* : [ná bím], ná bí, &c.
- (c.) *An Saor* : bítar, ná bítar.

118.

Modh Tascach. Láithreach.

- (a.) *An Neamhspleách* : táim, táir (taoi), tá sé, táimíd, táthai
(tá sibh) táid.
- (b.) *An Spleách* : go bhfuilim, go bhfuilir, go bhfuil
sé, &c.
- (c.) *An Diúltach* : nílim, nílir, níl sé, &c.
- (d.) *An Spl. Diúltach* : ná fuilim, &c.
- (e.) *An Fiafruitheach* : an bhfuilim? &c.
- (f.) *An Fiafr. Diúltach* : ná fuilim? &c.
- (g.) *An Saor* : táthar: niltar: go bhfuiltar, &c.
- (h.) *An Gaolmhar* : atá.

119.

An Gnáthláithreach.

- (a.) *An Neamhspleách* : bím, bír, bíonn sé, bímíd, bíonn sibh, bíd.
 (b.) *An Spleách* : go mbím, &c.
 (c.) *An Diúltach* : ní bhím, &c.
 (d.) *An Spl. Diúltach* : ná bím, &c.
 (e.) *An Fiafruitheach* : an mbím? &c.
 (f.) *An Fiafr. Diúltach* : ná bím? &c.
 (g.) *An Saor* : bítar, ní bhítar, go mbítar, &c.
 (h.) *An Gaolmhar* : [bhíos], a bhíonn.

120.

Aimsir Chaitte.

- (a.) *An Neamhspleách* : [do] bhíos, bhís, bhí sé, bhíomair bhíobhair, bhíodar.
 (b.) *An Spleách* : go rabhas, rabhais, raibh sé. rabhamair, rabhabhair, rabhadar.
 (c.) *An Diúltach* : ní rabhas, &c.
 (d.) *An Spl. Diúltach* : ná rabhas, &c.
 (e.) *An Fiafruitheach* : an rabhas? &c.
 (f.) *An Fiafr. Diúltach* : ná rabhas? &c.
 (g.) *An Saor* : bhíthas: ní rabhthas: go rabhthas, &c.
 (h.) *An Gaolmhar* : a bhí.

121.

Aimsir Ghnáthchaitte.

- (a.) *An Neamhspleách* : [do] bhínn, bhítheá, bhíodh sé, bhímís, bhíodh sibh, bhídís.
 (b.) *An Spleách* : go mbínn, &c.
 (c.) *An Diúltach* : ní bhínn, &c.
 (d.) *An Spl. Diúltach* : ná bínn, &c.
 (e.) *An Fiafruitheach* : an mbínn? &c.
 (f.) *An Fiafr. Diúltach* : ná bínn? &c.
 (g.) *An Saor* : [do] bhítí: ní bhítí: go mbítí, &c.
 (h.) *An Gaolmhar* : a bhíodh.

122.

Aimsir Fháistineach.

- (a.) *An Neamhspleách* : bead, beir, be sé (beidh) beimid
(beam), beithí (be sibh), beid.
 (b.) *An Spleách* : go mbead, &c.
 (c.) *An Diúltach* : ní bhead, &c.
 (d.) *An Spl. Diúltach* : ná bead, &c.
 (e.) *An Fiafruitheach* : an mbead? &c.
 (f.) *An Fiafr. Diúltach* : ná bead? &c.
 (g.) *An Saor* : beifar: ní beifar: go mbeifar, &c.
 (h.) *An Gaolmhar* : bheas, a bheidh.

123.

An Coiníollach.

- (a.) *An Neamhspleách* : [do] bheinn, bheitheá, bheadh sé,
bheimís, bheadh sibh, bheidís.
 (b.) *An Spleách* : go mbeinn, &c.
 (c.) *An Diúltach* : ní bheinn, &c.
 (d.) *An Spl. Diúltach* : ná beinn, &c.
 (e.) *An Fiafruitheach* : an mbeinn? &c.
 (f.) *An Fiafr. Diúltach* : ná beinn? &c.
 (g.) *An Saor* : [do] bheifí (-faidhe): ní bheifí(dhe),
go mbeifí, &c.
 (h.) *An Gaolmhar* : a bheadh.

124.

Modh Foshuíteach.

Aimsir Láithreach.

- (a.) *An Spleách* : go mbead, mbeir, mbe sé (mbeidh),
mbeimid (mbeam), mbeithí (mbe
sibh), mbeid.
 (b.) *An Diúltach* : ná rabhad, rabhair, raibh sé, rab-
haimíd (rabham), raibh sibh,
rabhaid.

(c.) *An Neamhspl.**Guidhtheach* : Go rabhad, &c.(d.) *An Neamhspl. Diúlt.* : Na rabhad, &c.(e.) *An Saor* : go mbeithar : ná rabhthar.(f.) *An Gaolmhar* : [bheas], a bheidh.

125.

Aimsir Chaitte.

(a.) *An Spleách* : dá mbeinn, mbeithéa, mbeadh sé, mbeimis, mbeadh sibh, mbeidís.(b.) *An Diúltach* : mura mbeinn, &c.(c.) *An Saor* : dá mbeithí (mbeifí) : mura mbeifí.(d.) *An Gaoimhar* : a bheadh : a bheifí.*Ainm Briathra* : bheith.*Aidiacht Bhriathra* : beitte.*Rannghabháil Éigeantach* : is beitte, ní beitte.

An dá Bhriathar san "is" agus "tá," is iad is mó n-a mbaintar feidhm astá de Bhriathraibh na Gaedhilge. Ar an adhbhar san, do mheasas gur cheart gach uile bhall díobh araon a chur síos. Ní bhfaighfar desna Briathraibh Neamhrialta eile, ach á mhéid atáid neamhrialta. Ní bhacfar lesna ballaibh eile dhíobh. Ní miste leis gan a dhearmad gur beag neamhrialtacht a ghabhann le herrbaill na mBriathar. Na herrbaill a bhaineann le gach aimsir agus le gach pearsa, is mar a chéile iad i ngach Briathar sa teangain geall leis.

Tá < S.Gh. *attá* < **ad-tā* : √ *stā* (*Laid. stāre*).fuil < S.Gh. *fil* < *√ *Vel* : Breat. *gwel-ed* "feiscint."bí < S.Gh. pret. *bói* > √ *bhā* (*Annalach le bí*).raibh < *ro + bóí*.Foshuít. beidh > S.Gh. *be*.Fáist beidh > S.Gh. *béid* (*bia*); dúblú annlaighe ón bhfoshuíteach.Ainm. Br. beith > S.Gh. *boith* (*Annalach le bí*).

126.

III. Beirim.

<u>Chaitte</u>	: rugas, -ais, &c.: ní rugas: an rugas: rugadh.
<u>Fáistineach</u>	: béarfad, -fair, &c.; go mbéarfad: ní bhéarfad: béarfai.
<u>Cointollach</u>	: [do] bhéarfainn, -fá, &c.: go mbéarfainn: [do] bhéarfai(dhe).
<u>Aid. Br.</u>	: breith (breath), <u>gein</u> breithe agus <u>bertha</u> : bertha.

Sa Chaitte, deirtar, uaireanta “do rugas” ach ní bhaineann “do” leis ó dhúchas.

Rug < ro + $\sqrt{uc}$, (*u(n)k): Breat. *dyg-af*: *go-r-uc* (dhein): Laid. *dúc-ō*.

Béar-fad: préamh an fháistínigh *bér*, n-a dhúblú ón bpréimh Foshuítigh *ber*.

Ón bpréimh chéadna a thagann an focal *bert* > *beart*.

127.

IV. Tabhair.

Modh Órduitheach.

1. (tugaim)	tugam, -gaimis
2. tabhair	tugaidh
3. tugadh sé	tugaidís
<i>An Diúltach</i>	: ná tabhair, ná tugadh sé, &c.
<i>An Saor</i>	: tugtar, ná tugtar.

Ní thaithítar anois an phréamh *tabhair* puinn thar ar dara Pearsa Uathaidh.

128.

Modh Táscach. Láithreach.

- (a.) *An Neamhspleách* : [do] bheirim, bheirir, bheireann sé, &c.
tugaim, tugair, tugann, sé, &c.
- (b.) *An Spleách* : go dtugaim, &c. (go dtabhairm, &c.)
- (c.) *An Diúltach* : Ní thugaim, &c. (ní thabhairm, &c.).

132.

An Coiníollach.

- (a.) *Neamhspleách* : [do] bhéarfainn, &c.: [do] thabharfainn.
 (b.) *Na Spleáigh* : go dtabharfainn, mura dtabharfainn, &c.
 (c.) *An Saor* : [do] bhéarfaí(dhe), do thabharfaí(dhe),
 go dtabharfaí, &c.

Seanfhuirmeacha Nua-Ghaedhilge : do bhéarthaidhe, ní thiubharthaidhe (thiobhraidhe).

133.

An Módh Foshuíteach.

- An Láithreach* : go dtugad, -gair, &c.: go dtabhrad,
-rair, &c.
nár thugad, -gair, &c.: [nár thabhrad,
&c.].
- An Chaitte* : dá dtugainn, &c.: dá dtabhrthainn, &c.
mura dtugainn, mura dtabhrthainn, &c.
- Ainm Br.* : tabhairt, *gein.*, tabhrtha.
- Aid Br.* : tugaithe: tugtha.
- Rannghabháil Eig.* : tugaithe.
- Comshiúiti* : sothugaithe, dothugaithe, &c.

134.

Briathar comhshiúte é seo sa tS.Gh., féin.

Neamhspleách: **do-beir**: *Spl.-tabair* (*do ó *to*): cm. **to + sreng*:
-tarraing.

bheirim i n-ionad *do-bheirim* (*do* remhaiceanta á chailliúint).

tug : < *to-uc (cm. rug ó ro-uc).

Préamh Foshiúteach é sin sa tS.Gh., ach do leathnuigh ar a ghnáthamh.

135.

V. Abair.

- Órdruitheach* : (abrain), abair, abradh sé, abram
(-rainís), abraidh, abraidís.
Diúltach : ná habair.
Saor : abarthar.

136.

An Táscach.

- (a.) *Láithreach* : deirim, deirir (deiri), deir sé (deireann se)
Neamhspl. : &c.
 (b.) *Na Spleáigh* : ní deirim, go ndeirim: ní abraim; &
 n-abraim, &c.
 (c.) *An Saor* : deirtar: ní deirtar: go n-abartar.
 (d.) *An Gaolmhar* : adeir(eann).

137.

An Caitte.

- (a.) *Neamhspleách* : dubhart (dubhras), dubhrais, dubhairt sé,
 dubhramair, dubhairt sibh, dubh-
 radar.
 (b.) *Na Spleáigh* : ní dubhart; go ndubhairt sé, &c.
 (c.) *An Saor* : dubhradh, dubhrathas.
 (d.) *An Gaolmhar* : adubhairt.

138.

Gnáthchaitte.

- (a.) *Neamhspleách* : deirinn, deirtheá, &c.
 (b.) *Na Spleáigh* : ní deirinn: go n-abradh sé, &c.
 (c.) *An Saor* : deirtí: go ndeirtí, ní deirtí; go
 n-abarthai.
 (d.) *An Gaolmhar* : adeireadh.

139.

An Fáistineach.

- (a.) *Neamhspleách* : déarfad, déarfair, déarfaidh (déarfa sé),
 &c.
 (b.) *Na Spleáigh* : ní déarfad, go ndéarfad; go n-abród;
 go n-abróthá, &c.
 (c.) *An Saor* : déarfai: go n-abrófar.
 (d.) *An Gaolmhar* : adéarfaidh, [adéarfai].

143.

VI. Gabhaim.

- Fáistineach* : geóbbhad, -air, &c.: ní gheóbbhad, go ngeóbbhad, &c.
Coiníollach : gheóbbhainn, gheóbbhthá, &c.: ní gheóbbhainn, go ngeóbbhtha, &c.

144.

VII. Gheibhim.An tÓrduitheach.

- (a.) *Neamhspleách* : (~~Faghaim~~), faigh, faghadh sé, fagham (~~faghaimis~~), faighidh, faighdís.
 (b.) *Diúltach* : (~~ná faghaim~~), ná faigh, &c.
 (c.) *An Saor* : ~~faghtar~~; fachtar.

145.

An Táscah. Láithreach.

- (a.) *Neamhspleách* : [~~do~~] gheibhim, -bhir, -bheann sé, &c.
 (b.) *Na Spleáigh* : ní bhfaghaim, go bhfaghair, ná faghmíd, &c.
 (c.) *An Saor* : [~~do~~] gheibhtar; ní bhfaghtar; ~~ní fachtar~~.
 (d.) *An Gaolmhar* : [~~do~~] gheibhtar, a gheibhtar.

146.

An Caitte.

- (a.) *Neamhspleách* : fuaireas (~~fuaras~~), fuairis, &c.
 (b.) *Na Spleáigh* : ní bhfuaireas, (ní bhfuaras), ná fuairis, &c.
 (c.) *An Saor* : do frióth: do fuarathas: do fuaradh.
 (d.) *An Gaolmhar* : a fuair.

Ainm. Br. : fagháil.

Aid. Br. : fachta, faighte.

Rannghábhla : ionfhágla, sofhágla, dofhágla, &c.

151. Tagann an Briathar so ó, *fo + $\sqrt{\text{gab}}$. S.Gh., fo-gabaim : ní fagbaim. Leis an aimsir, do cailleadh an "fo" rémhaicionta agus (sa litríocht pé i nÉirinn é) tháinig "do" isteach in' ionad. San am chéadna d'aistrigh an phréamh Tháscach ó *gab do dtí *geb, ar Annlaigh ón bhFáistineach, gur dhein fo-geibh > do-gheibh dhe, isna fuirmeacha neamhspleácha. Isé sin an phréamh a ritheann tríd an Réimniú ar fad anois; ach gurab annamh d'airíotar an "do." Táthar á chailiúint toisc é bheith rémhaicionta.

Do coimeádadh an "fo" sa Spleách agus san Órduitheach. Isé an "bh" sa phréimh ($\sqrt{\text{gab}}$) a cailltear nuair a thagann an t-aiceann ar "fo"

Faghadh < fa'ghbhadh (Céitinn) < *fo-gab-ad.

Ar an gcuma san: faigh < *fo-gaib. Ní bhfaghaim < ní faghbaim < *fo-gab-im.

Ach [do]-gheibhim < do-geibhim < *fo + ga'b-im. Sa bhFáistineach gheibhtar ní bhfuighead, ní bhfuighbhead ó thosach ré na NuaGhaedhilge. Téighid siad san siar go dtí *fo-gēb- mar a bhfuil $\sqrt{\text{gēb}}$.i. dúblú ar $\sqrt{\text{gab}}$.

Mar sin, gheóbbhad < [do-] gheóbbhad < [do-] ghéabhad < *fo-gēb-[ad].

Aid. Br.: Fagháil < faghbháil < *fo-gab-ál.

152. *Comn. 289 meimín*

VIII. Deiuim.

Do deiuim (I used to do)

An Fáistineach.

- (a.) Neamhspleách : déanfad, -fair, -faidh, (déanfa sé), &c.
 (b.) Na Spleáigh : ní dhéanfad: go ndéanfair, &c.
 (c.) An Saor : déanfar: go ndéanfar.

Agus leanann an Coirpíollach dá réir sin. Sa bhFoshuiteach airíotar:

- (a) go ndeinead, &c.
 (b) go ndéanad, &c.
 (c) go ndéarnad, &c.

Ainm. Br. : déanta.

Rannghabhála : indéanta, sodhéanta, &c.

153. I ndeisceart na hÉireann ní bhíonn aon chuid eile dhen Bhriathar neamhrialta.

Tagann an Briathar féin ó $\sqrt{gní}$: S.Gh., *gníid*; A.Br. *gním*; $*di + \sqrt{gní} > \text{S.Gh., } do-gní$: ní *déni*.

Ó "*do-gní*" do shíolruigh *do-ním* a chítear ag Céitinn agus i leabhairibh eile. On spleách *-déni*, do shíolruigh *déin-im*; agus ar annlaigh leis an aimsir chaite *rin* do dhein *deinim* de *déinim*. Nó neachtraca do shíolruigh ón Seanphreirit *do-gēni*, *-digni*: mar is *dinim* a deir-tear agus ní *deinim*.

Ón Seanfhoirbhtheach: *do-rigni*, *-derni* iseadh tháinig Caitte eile atá ann indiu .i. *rinne*, *do-rinne*, agus a spleách san, *-deárna*.

An phréamh *déan*- sa bhFáistineach agus sa Choiniollach d'fhás sé a dúblú ar an tseanphréimh Foshuiteach $\sqrt{gne}$:

$*di + \sqrt{gné} > \text{G.Gh., } 3 \text{ uath., } do \text{ gēna, } -digne$: do meascadh san ar *do-gní*, *-dēn-i* agus do dhein *dēn*- díobh.

Déanamh < $*di + gním$.

154.

IX. Chím.

An tÓrduitheach.

- (a.) *Neamhspleách* : (feicim), féach ar, feiceadh sé, feiceam (-cimís), féachaidh ar, feicidís.
 (b.) *Diúltach* : (ná feicim), ná féach ar (ná feic), &c.
 (c.) *An Saor* : feictar.

Iasacht annsan iseadh *féach ar* ón mbriathar *féachaim*.

155.

An Táscach. Láithreach.

- (a.) *Neamhspleách* : [do] **chím**, **chír**, **chíonn sé**, **chímíd**, **chíonn sibh**, **chíd**.
 (b.) *Na Spleáigh* : ní fheicim, -cir: go bhfeicim: ná feicir, &c.
 (c.) *An Saor* : [do] **chíthear**, [do]-**chítar**: go bhfeictar (-tar).
 (d.) *An Gaolmhar* : a **chím**, a **chíonn**, &c.

156.

Aimsir Chaitte.

- (a.) *Neamhspleách* : [do] chonnac (-narcas, -nacas), chonnaicis (chonnacais), chonnaic (chonnairc) sé, chonncaimair (chonnarcamar), chonnaicbhair (chonncaibhar), chonncaid (chonncaid).
 (b.) *Na Spleáigh* : ní fheaca (fhacas); go bhfeacaís (bhfeacaís); an bhfeaca (bhfaca) sé? ní fheacaimair, &c.
 (c.) *An Saor* : chonnacathas: ní fheacathas.
 (d.) *An Gaolmhar* : a chonnaic (chonnairc).

157.

An Ghnáthchaitte.

- (a.) *Neamhspleách* : [do-]chínn, chítheá, chíodh sé, &c.
 (b.) *Na Spleáigh* : ní fheicinn, ná feicinn, go bhfeicimis, &c.
 (c.) *An Saor* : [do-]chítí: go bhfeictí.
 (d.) *An Gaolmhar* : a chíodh.

158.

An Faistineach.

- (a.) *Neamhspleách* : [do-]chífead, -fir, chífidh (chife) sé, &c.
 (b.) *Na Spleáigh* : ní fheicfead: go bhfeicfir, &c.
 (c.) *An Saor* : [do-]chifar: ní fheicfar.
 (d.) *An Gaolmhar* : a chífidh.

159.

An Foshuiteach.

- (a.) *Láithreach* : go bhfeicead: nár fheicir: go bhfeicidh bhfeice sé, &c.
 (b.) *Caitte* : dá bhfeicinn: mura bhfeictheá, &c.
 (c.) *An Saor* : go bhfeictear (*Láithr.*): dá bhfeictí- (*Caitte*).
 (d.) *An Gaolmhar* : a chíodh (chífeadh): a chínn (chífinn).
Ainm. Br. : feicsint, gein, feicseana; feiscint.
Rannghabhála : infheicseana, sofheicseana, dofheicseana.

160. Tagann **do-chim**, ní **fheicim**, ón tS.Gh., *ad-ciu* : *ní-accim* < **ad* + $\sqrt{c\bar{i}}$, 3. Uath. *ad-cí*, neamhspleách ; *-acci*, spleách. Sa neamhspleách do cailleadh *ad* agus do cuireadh do + *séimhiú* in ionad *i*. do-chí. Sa spleách *-accim* (1. Uath) > **aicim* > **oicim* > **eicim* ; agus d'eirigh "f" iasachta ann sa Mh.Gh., c.m. *aile* > *oile* > *eile* ; agus *iolar* : *fiolar* ; *an* : *fan*, &c. tré Annlaigh le féchaim.

An Aimsir Chaitte : [**do**] **chonnac** < *do-chonnarc* < *ad-connarc* < *ad-condarc* < **ad-con-* $\sqrt{drk}$, a gheibhmíd sa bhfocal *dearc*, *dearcaim*, &c.

Agus **feaca** (**faca**) < *-acca*, Pret., agus Foirbh., (Spleách) na S.Gh.

Ainm. Br., **feicsint** < [*f.*]-*eicsin*-[*t*] ; S.Gh., *aicsiu* ; Gein., *aicsen* ; Tabharthach, *aicsin*.

161.

X. Cloisim.

Modh Táscah. Aimsir Chaitte.

- (a.) *Neamhspleách* : [**do-**] **chuala** (**chualas**), **chualaís** (-lais), **chuala sé**, &c.
 (b.) *Na Spleáigh* : níor (ní) **chuala** : **gur chuala** (go **gcuala**), &c.
 (c.) *An Saor* : do **cualathas**, níor **chualathas** (ní **cualathas**) ; do **cualadh**, &c.
 (d.) *An Gaolmhar* : a **chuala**.

Ainm Br. : **clos**, **cloisint**.

Aid. Br. : **cloiste**, **cluinte**.

162. Sa N.Gh. tosaigh isé gheibhtar coitianta ná **cluimim** i n-ionad **cloisim**. Tagann :

cluimim ón SeanTháscah

cloisim ón SeanFhoirbhtheach.

Briathar Diúscarthach do b'eadh é sa tS.Gh., * $\sqrt{klo-n-}$ > **cluim* > S.Gh., Tásca., *ro-cluinethar* : *ní cluinethar*.

* $\sqrt{Klo-a-}$ > *clo* > S.Gh., Fosh., *ro-cloathar* :

D'aistrigh an Foshuiteach *a* go dtí an Fosh. *s* agus *is* uaidh sin a shíolruigh Fosh. **go gcloisead**, &c. As san do leathnuigh an phréamh *clo-s-* go dtí an Táscah.

Cuala : tagann sé sin ó dhúblú ar an sean-phréimh **Klo* : **Ko-kl* > **Kogl* > **cól* > *cual-a*.

163.

XI. Tigim (Tagaim).

Modh Órduitheach.

- (a.) *Neamhspleách* : (tigim, tagaim), tar (tairr, téanam),
tagadh (tigateadh) sé, (tigimis,
tagam, tagaimís), tagaidh (tigidh,
téanaidh) tagaidís (tigidís).
- (b.) *Diúltach* : (ná tagaim), na tar (tairr), &c.
- (c.) *An Saor* : tagathar, (tigtheair).

164.

An Modh Táscach. Láithreach.

- (a.) *Neamhspleách* : tagaim (tigim), tagair (tigir), &c.
- (b.) *Na Spleáigh* : ní thagainn (thiginn), &c.
- (c.) *An Saor* : tagathar (tigtheair).
- (d.) *An Gaolmhar* : a thagann (a thig, thigeas, thagas).

165.

Aimsir Chaitte.

- (a.) *Neamhspleách* : thánag (thánga, thángas), thánaís (thán-
gais) tháinig sé, thánamair (thán-
gamar) thánabhair, thánadar.
- (b.) *Na Spleáigh* : níor thánag (ní thánag), &c.: gur thán-
aís, go dtánaís, &c.
- (c.) *An Saor* : tánathas (tángas).
- (d.) *An Gaolmhar* : a tháinig.

166.

Gnáthchaitte.

- (a.) *Neamspl.* [do] thagainn (thiginn), thagthá, &c.
agus Spl. :
- (b.) *An Saor* : do thagaithí, do thagthaí, do thigthí.
- (c.) *An Gaolmhar* : a thagadh (thigateadh).

167.

An Fáistineach.(a.) *Neamhspl.,**Spl., Gaol :* tiocfad, -fair, ní thiocfaidh, &c.(b.) *An Saor**:* tiocfar : ní thiocfar, &c.

168.

An Coiníollach.

(a.) *Neamhspl.,**Spl., Gaol :* [do] thiocfainn; go dtiocfá, &c.(b.) *An Saor**:* do thiofai(dhe).

169.

An Foshuíteach.

(a.) *Láithreach**:* go dtagad (dtigead), go dtagair (dtigir):
go dtagathar (dtighear), &c.(b.) *Caitte**:* dá dtagainn (dtiginn): mura dtagaithí
(dtigthí), &c.*Ainm. Br.**:* teacht, tíocht.*Aid. Br.**:* tagaithe (tagtha, teagtha).

170. An Fhuirm *tig* an ceann is sine. Tháinig *tag-* mar oighreacht ón M.Gh., *teag-*, a tháinig isteach ar Annlaigh ó Bhriathraibh eile a shíolruigh ón bpréimh chéadna, mar atá *tecmaing*. Thiocfadh *teag* rialta go leor ó **tig-ā-* sa bhFoshuíteach.

Tháinig, an Aimsir Chaitte, téigheann sé siar go dtí an tS.Gh., *táinicc* < **to-ān-icc*.

Ainm Br. na S.Gh. : *tichtu*, -*tan*, -*tain*. Isé brígh a bhí le *techt* > *teacht* sa tS.Gh., ná *gluaiseacht*, *dul*, ach leis an aimsir d'athar-ruigh a bhrígh.

171.

XII. Téighim.

An tOrduitheach.

(a.) *Neamhspleách* : (téighim) eirigh (teirig), téigheadh sé, téighmis, eirighidh (téirighidh), &c.(b.) *Diúltach**:* (ná téighim), ná heirigh (ná teirig), ná heirighidh, &c.(c.) *An Saor**:* (ná) téighthar.

Láimh
le
le

172.

An Modh Tásach. . Láithreach.

(a.) *Neamhspl.*, *Spl.* : téighim, -ir, -eann sé, -míd, -tí, -id.(b.) *An Saor* : téighthar.(c.) *An Gaolmhar* : a théigheann, théigheas, théid.

Leanann an Gnáthchaitte an phréamh chéadna théighinn, -theá, &c. A *Shaor* : théighiti.

173.

Aimsir Chaite.

(a.) *Neamhspléach* : [do-] chuas (chuadhas), chuais (chuadhais), chuaidh sé, chuamair (chuadhamar), chuadhabhair, chuadar (chuadhadár).

(b.) *Na Spleáigh* : níor chuas (chuadhas, ní dheaghas, -achas), gur chuais (chuadhais, go ndeaghais, ní dheachais), &c.

(c.) *An Saor* : [do-] chuathas: níor chuathas: ní dheaghtas: go ndeachas.

(d.) *An Gaolmhar* : a chuaidh.

174.

An Fáistineach.

(a.) *Neamhspléach* : raghad, -air, -a sé (-aidh), ragham (-aimíd), (-ghmíd), &c.

rachad, -air, -cha sé (aidh), racham (-aimíd), &c.

(b.) *Na Spleáigh* : ní raghad (rachad): go raghair (rachair), &c.

(c.) *An Saor* : raghfhar (raghtar), rachthar.

(d.) *An Gaolmhar* : a raghaidh, rachas.

Leanann an Coiniollach an dá phréimh chéadna: raghainn (rachainn), &c. A *Shaor san*: raghfí(dhe), rachthaidhe.

175.

An Foshuíteach.

- (a.) *Láithreach* : go dtéighead, -ghir, &c. : go ndeachad (ndeaghad), -chair, &c.
 (b.) *Caitte* : dá dtéighinn, -theá, &c. : go ndeachainn (ndeaghainn), &c.
 (c.) *An Saor* : (*Láithr.*) go dtéighthar (ndeaghthar) : (*Caitte*) go dtéighthí.

Ainm. Br. : dul; gein dola (dulta).
Rannghabhála : dulta; indola, sodhola, &c.

176. St tSeanGhaedhilg, gheibhmíd : tiagu, tégi, téit, < √*stēgh-

Eirig : S.Gh., *eirg.* < *ess-reg (g i n-ionad gh fé anáil *eirc-siu* &c.). Cumasc idir *eirig* agus *téigh* a thugann *teirig*.

[do] **chuaidh** : S.Gh., *do-cóid, do-cuaid* : -dechaid.

Raghaidh : S.Gh., *rega.*

Go ndeachad, &c., Foshuíteach. Bhíodar san go léir sa tS.Gh., leis.

Ainm. Br. : **techt** sa tS.Gh., ach d'atharruigh a bhrí sin. Bhí *dul* : dola sa tS.Gh., leis.

177.

XIII. Ithim.

Caite.

- (a.) *An Fhuirm Rialta* .i. d'itheas, d'ithis, &c. **Duadhas, duadhais, duaidh sé, &c.**; gur dhuadhmail.
 (b.) *A Shaór* : d'itheadh, do hitheadh, do dhuadhadh, dhuathas.

178.

An Fáistineach.

- (a.) *Neamhspleách* : íosfad (íosad), -(f)air, &c.
 (b.) *Na Spleáigh* : ní íos(f)ad, go n-íosfad (-sad), &c.
 (c.) *An Saor* : íosfar, íostar.
 (d.) *An Gaolmhar* : íosas, íosfas, a íosfaidh.

Leannan an Coiníollach an Réim chéadna :

d'íosfainn (d'íosainn), d'íosfá (-sthá) &c.

A Shaor san : d'íosfaí (dhe), d'íostaí (dhe).

Sa bhFoshuíteach S.Gh., do bhí *estir* < *eth* : *ith*, Táscach Dúblú ar é a dhein **es* > **iss* > *ios-* don bhFáistineach.

Duadh : S.Gh., *aduaid* : *do-festar*. Tá Annlach éigin idir é féin agus *fo-* 'an oidhche chaitheamh.' Ainm. Br., *Féis*.

179.

XIV. Rigim.

Tá an briathar so imthighthe as taithí ach amháin an Aimsir Chaitte: **Ránag** (rángas, ráiníos), ráinis (rángais), ráinig sé, &c. ata ar aondul le "*thánag*, &c."

Ainm. Br. : rochtain nó riachtain.

180. **Rigim** ón tS.Gh., *ro-icc* : *-ricc* (c.m. *do-icc* : *-ticc*).

Ráinig < S.Gh., *ránicc* < **ro-án-icc* (Pret. agus Foirbh.)

Ainm. Br. ríchtu, -tan.

Ní hionann bunús do "*rigim*" agus *righim* : **righim** < *righ-im* < *roighim* < *roich-im* < **ro-saig-*. Is dó san sa Mh.Gh., do dhein Ainm.Br. *rochtain*. Do réir dheallraimh, is *riachtain* nó *ríchtu* do Ainm. Br. bunúsach do **ro-icc*.

181.

XV. Marbhaim nó Marbhaím.

I gcainnt na ndaoine bíon **-í ann**. *Fáistineach* agus *Cointíollach* : **-ó-** aige, ar nós Briathra *-uigh* : **maróbbhad, -óbhair, -óbha sé (-óbhaidh)** &c. Nó, fuirm atá imthighthe as taithí : *muirbhfead, -fir*, &c.

Leanann an Coiniollach an riail chéadna: [do] mharóbhainn, -óbhthá, &c. nó, mhuirbhfinn, &c. Ainm. Br. marbhadh (= marú).

182.

Briathra Easnaimh.

1. **Ar, arsa:** Briathar neamhaiceanta é seo, ar nós na Copuile. A rádh nuair a deintar aithris ar fhoclaibh dhuine, díreach mar a deirthar *inquit* sa Laidin:

“Cia thu féin?” ar seisean

“Mise me féin” arsa Seán.

Ar < *or* (M.Gh.) < *ol* (S.Gh.) Sean-remhfhocail do b'eadh *ol*, do réir dheallraimh < **ols*, do meascadh ar *ar*, *for*, *bhar* (M.Gh.).

Arsa. Meascadh é sin, ar + an *tAlt*.

2. **Dar** (insna cainteanna so: *dar liom*, *dar leat*, &c.) Briathar neamhaiceanta é, agus an remhfhocail “le” n-a dhiadh i gcomhnuí. Isé an fhuirm neamhspleách nó an *diúltach* neamhspleách a ghabhann leis:

Dar liom, ní thiocfaidh sé go bráth.

Dar leat, ba mhar a chéile iad.

M.Gh. agus S.Gh.; *inda* (r) *lat* < **in-tá-r*. Fuirm chéasta.

3. **Feadar:** Réimniú Aimsir Chaitte atá ag an mBriathar so, ach brí Aimsir Láithreach. Diúltach nó Fiafraitheach, a ghnáthamh.

(a) **Diúltach:** Ní fheadar, ní fheadrais, ní fheadair sé, ní fheadamair (-dramair), ní fheadabhair (-rabhair), ní fheadadar (-radar).

(b) **Fiafraitheach:** An bhfeadar, an bhfeadrais, &c. Tá Fuirm fé leith dhon tríú pearsain agus brí Aimsir Chaitte leis: ní fheidir sé.

S.Gh. *ro-fitir*: ní *fitir*: Foshulteach, *festar*. A gcummasc san araon a thug *fetar* < *feadar*.

4. **Tarla** : 3. **Uath. Aimsir Chaitte.**Dá dtarlóghadh : *Coiniollach.*Dá dtarlúigheadh : *Foshuiteach.*S.Gh. *tarlae* : *do-cuirethar*, "places, puts," *Foirbhtheach. do-rale, -tarlae; -rale.* *Foirbh. fo-ceird* "caitheann" : *ro-lá, -rale.*5. **D'fhóbaire, ba dhóbair : ba dh'óbair dam tuitim.**S.Gh. *fo-opair* < *fo-od-√beir* : "breith ar, greamú, aimsiú."6. **Féadaim** : Briathar rialta é sin, ach ná fuil aon **Órdúitheach aige.**S.Gh. *ad-cota, -éta* < *[F]éta* < *féad*, **ad-com-√stā* (ā quo tū) "acquires, obtains."7. **Fé ndeara** : Ní áirmhíonn sé Aimsir : Cad fé ndeara san? Tusa fé ndeara é.S.Gh., *for-fera* < **fo-√fer* (Ainm. Br. *ferthain*); *fo-n-d-ghera*, "who causes it."

183.

DOBHRIATHAR.

Dobhriathar .i. focal a chuireann teóra le bri Bhriathair, nó Aidiachta, nó Dhobhriathair eile.

D'imthigh sé suas.

Chomh slán le bradán.

Chuir sé fé, thall annsan.

Is féidir Dobhriathar a dhéanamh d'aon Aidiacht ach go a chur roimh an Aidiacht : go maith, go háluinn; d'oibrigh sé go cruaidh.

184. Gabhann Coindealg na Doibhriathra a deintar d'Aidiachtaibh. Na céimeanna, mar bhíd dosna hAidiachtaibh, ach ná cimeádtar an "go," ach amháin so Bhunchéim: buailfe sé *go maith* é; do bhuail sé *ní bfhéarr* ná san é.

Tá an tArdchéim i n-easnamh.

Neartú ar bhrí an Dobhriathiar, an "go" dfhágaint ar lár: do buadhadh *glan* air; do buadhadh *go glan* air.

185.

Dobhriathra Modha:—

ámh	cionnus	gur
ámhthach	chomh	leis
ámhthaigh	fiú	ní (cha)
amhlaidh	fiú amháin	níor (char)
amugha	freisin	ná
beagnach	go	nár

186.

Dobhriathra Aimsire:—

anocht	cathain	imbliana
anois	cheana	anuiridh
arís	choidche	aréir
feasta	riamh	indé
fós	istoidhche	indiu
go fóil	istló	imbáireach
nuair	láithreach	amanathar amanaithris

187.

Dobhriathra Gluaiste :—

amach	sall	ódheas
isteach	anonn	andeas
ale	anall	siar
suas	óthuidh	aniar
síos	adtuaidh	soir
anuas	soir	óthuidh
aníos	anoir	&c.

188.

Dobhriathra Comhnuithe (Áite) :—

amuigh	lastuas	annso
lasmuigh	thíos	annsan
istigh	lastíos	sonn
laistigh	abhfus	thiar
ca?	thall	lastiar
thuas	lastall	thoir-theas, &c.

189. **Dobhriathra Áirimh** :—a haon, &c. : beidh sé a haon-déag ar theacht na Bealltaine; bhíomar cúigdéag an duine.

190. **Abartha Dobhriathra** : maidin indiu, tráthnóna indé, arbhú imbáireach, lá arna bháireach, Dia Domhnaigh, &c.

191. Sa tS.Gh. Dobhriathar = an tAlt + Aidiacht Fir. Tabharthach : *in biuc agus in mór*. Tá a shliocht san ann fós : *cm. a bheag nó a mhór*.

192.

RÉMHFHOCAL.

Rémhfhocal, *sin Mionfhocal a cheanglann dhá fhocal dá chéile agus a chuireann i n-úil, baint éigin a bheith lena chéile ag an dá rud a chiallúotar san dá fhocal :*

Tá mo leabharsa **ar** an mbórd

Do bhuail sé **sa** cheathrúin é.

An trí shaghas baint a chuirid Rémhfhocail in n-úil :

(a) Baint do réir *áite* : bhí sé **i gCorcaigh**.

(b) Baint do réir *inid* : thuit sé **den chlaidhe**.

(c) Baint do réir *úird* : B'e an duine a bhfhearr **ar na fearaibh** é.

Is gnáthach neamhaiceanta na Rémhfhocail.

Sidiad na Rémhfhocail is coitianta sa Ghaedhilg :—

i, i n-	gan	thar
ag	amhail	tar
ar	go, go h-	tré, tríd
as	mar	um.
de	idir	
do	roimh	
fé, fá, faoi	le, le h-	

193.

COMHNASC.

Comhnasc, sin focal a cheanglann dá chéile dhá Fhocal, nó dhá Ghéig cainnte, nó dhá Abairt :

Seán **agus** Séamas.

Amuigh **nó** i mbaile.

Bhí an seandúine ann, **ach** do cailleadh, é.

Tá cheithre shaghas Comhnasc ann :—

- (1) *Ceanglach*, a dheineann ceangal idir dhá rud agus a chuireann i n-úil ná fuil aon rud contrártha eatortha : agus, mar, nó, fé, féibh.
- (2) *Dicheanglach*, a thespeánann scaradh nó scaoile idir an dá rud a cheanglann sé : ach, fós, go, gur, ioná, ná, nach, ná, nár, ó, sara, sul.
- (3) *Cointollach*, a chuireann cointoll i dtuiscint : ná, dá, mara, muna, cé, máiseadh.
- (4) *Fiafraitheach*, a chuireann ceist i n-úil : an, ar, ná, nár.

194.

UAILLBHREAS.

Uaillbhreas. Sin Focal nó Abairt ghairid a nochtann corruí éigin san aigne. Seo cuid aca :

Éist !

Forlor !

Buaðh leat !

Féach !

Dé bheatha !

Seadh !

Ó !

Mhuise !

Seadh anois !

A !	Faire !	An dagha !
Och !	Síod ort !	Am basa !
Ochón !	Go mairir !	Dhera !
Ach !	Ó mhuisse !	Ariú !
Aidhe !	Cogar !	Fastúim !
Ach aidhe !	Maith an fear !	Chugat é !
Preit !	Aililiú !	Abú !
	Monuar !	

Is féidir Uaillbhreas a dhéanamh d'aon Roinn aiceanta Innsce, nó d'aon Abairt, ach guth nó uchtach corruithe a chur leis. Is gnáthach, Nod an Chorrúithe (!) a chur n-a dhiaidh sa scríbhinn :

Mise !	Tháing !	Eist do bhéal !
Seán !	Anuas !	Codladh sámh !
Agamsa !	Aneadh !	Slán leat !

Aguisíní.

Leathanach 2, Alt 2 : Deinid lucht Graiméir na **Défhoghracha** do roinnt, fé láthair, n-a dhá gcuid :

1. **Déleitir** .i. *dhá Leitir chun aon fhuaim amháin do chur i n-úil : rae; fear, fios.*

2. **Defhoghrach** .i. *Fuaim dhá nGutaí do theacht le chéile i n-aon tSiollabh amháin : tinn; fann; éirigh; cáin.*

Leath. 38 : I dteannta *umam, umat, umainn, &c.*, scríobhtar uaireanta *iomam, iomat, iomainn, &c.*


Leath. 41, Alt 66 : An **Táitte**, sin ainm eile dhon bhFuirm **Ghabhtha**.

MUINNTIR GHUÍ IS CUID., TEÓR.,
70, Sráid Pádraig, Corcaigh,
do chlóbhuail.

TS

sur surab

nīk-si.



15

1: zeine e

15

18 e sin an
zeine

